

+

# Comhairle Contae Mhaigh Eo

## Plean Áitiúil Eacnamaíochta agus Pobail (LECP 2023-29)

### Ráiteas Socheacnamaíoch – Fís Bheartaithe agus Mórspríocanna



Comhairle Contae Mhaigh Eo  
Mayo County Council



<https://peopleandplace.ie/>  
A Maynooth University Spin-Out Company

## LECP Mhaigh Eo 2023-29

Is é cuspóir na cáipéise seo eolas a chur ar fáil do pháirtithe leasmhara ábhartha agus do bhaill den phobal faoi **Phlean Áitiúil Eacnamaíochta agus Pobail (LECP), 2023-2029** nua.

Is mian linn tús a chur le comhrá faoi cad iad na **príomhthosaíochtaí pobail, geilleagracha agus comhshaoil** do Mhaigh Eo go ceann sé bliana. Tá ríthábhacht le baint an phobail i luathchéimeanna an LECP a fhorbairt lena chinntiú go léirítear do thosaíochtaí inár bplean. Is í an cháipéis seo an pointe tosaigh dár bpróiseas comhairliúcháin phoiblí ar an LECP.

## Eolas faoin gcáipéis seo

Cuirtear bloc tógála mór ar fáil sa cháipéis agus Plean Áitiúil Eacnamaíochta agus Pobail Mhaigh Eo (LECP) 2023-2029 á chur le chéile agus á fhorbairt. Is é a chuspóir íomhá shocheacnamaíoch de Mhaigh Eo a chur i láthair in 2023 agus ár ndrúacht-Fhís agus ár sraith Spriocanna Ardleibhéil a leagan amach - leagfaidh seo an bonn faoi phróiseas comhairliúcháin phoiblí go luath in 2024.

Trí chuntas a thabhairt ar an gcúlra ar leibhéal náisiúnta agus ar an gcomhthéacs reachtaíochta - léirítear sa cháipéis seo conas a chuireann an LECP ar chumas Chomhairle Contae Mhaigh Eo iarrachtaí forbartha a threorú agus a chomhordú ar leibhéal chontae agus fochontae agus conas soláthar seirbhíse níos fearr a chumasú do phobail.

Tá Comhairle Contae Mhaigh Eo ag glacadh go gníomhach le cur chuige fianaisebhunaithe agus ionchuimsitheach i leith an LECP a chur le chéile, agus **tugtar achoimre sa cháipéis seo ar an bpróiseas a tugadh isteach go dtí seo agus ar an dul chun cinn a bhfuil súil leis go ndéanfaidh sí a fhaide le lár na bliana 2024**, nuair a bheidh an próiseas le bheith curtha i gcrích.

Cuirtear sintéis ar fáil sa cháipéis, mar sin, ar bheartais an AE agus na hÉireann is mó a bhaineann le cur le chéile agus le soláthar an LECP. Cuirtear an tsintéis seo sa cháipéis i gcomhthéacs **Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe na Náisiún Aontaithe (UNSDGanna)**, agus luaitear inti conas a sholáthraítear creat áisiúil agus sraith riachtanas sna UNSDGanna don LECP.

Cuirtear achoimre ar fáil ansin ar phróifíl shocheacnamaíoch Chontae Mhaigh Eo agus cuirtear **anailís SCOT** mhionsonraithe ar fáil ansin ar deireadh. Sintéis atá san achoimre seo ar phróifíl shocheacnamaíoch i bhfad níos mionsonraithe faoinar thug Comhairle Contae Mhaigh Eo go luath in 2023. Cuirtear leideanna áisiúla ar fáil sa phróifíl shocheacnamaíoch seo, anuas ar athbhreithniú ar an LECP deireanach, chun ráiteas misin an LECP agus na spriocanna ardleibhéil gaolmhara a chur le chéile.

Leagtar amach sa mhír dheireanach den cháipéis seo, dá bharr, ár ndrúacht-Fhís agus ár Spriocanna Ardleibhéil do LECP 2023-29.

## Teastaíonn do chuid tuairimí uainn

Le do dhearcthaí a fháil ar ár ndrúacht-Fhís agus ár Spriocanna Ardleibhéil, tá sraith comhairliúchán poiblí agus suirbhé poiblí á n-eagrú againn.

Déanfaimid athbhreithniú, ar chríochnú an phróisis seo, ar an ionchur go léir agus déanfaimid athbhreithniú ar ár bhFís agus ár Spriocanna Ardleibhéil. Cabhróidh ionchur ó pháirtithe leasmhara agus ón bpobal linn leis na príomhchuspóirí agus na gníomhartha a fhorbairt lenár bhfís, ár spriocanna, ár gcuspóirí agus ár bplean gníomhaíochta a fhorbairt do Chontae Mhaigh Eo go ceann sé bliana.

## Cúlra agus Comhthéacs Reachtaíochta

Is é cuspóir an LECP, faoi mar a bhforáiltear dó san **Acht um Athchóiriú Rialtais Áitiúil, 2014**, na cuspóirí agus na gníomhartha a leagan amach ar feadh tréimhse sé bliana, a theastaíonn chun forbairt gheilleagrach agus forbairt áitiúil agus pobail an limistéir údaráis áitiúil ábhartha a chur chun cinn agus tacú leo, leis féin agus go díreach agus i gcomhar le páirtithe leasmhara eile forbartha geilleagraí agus pobail.

Tacaíonn na LECPanna le forbairt inbhuanaithe ár gcontaetha. Rinneadh cur síos ar LEPCanna i dtosach in **Tús Áite a Thabhairt do Dhaoine: Plean Gníomhaíochta do Rialtas Áitiúil Éifeachtach** agus bronnadh éifeacht air ansin san Acht um Athchóiriú Rialtais Áitiúil, 2014, agus lorgáitear iontu tacú le comhoibriú chun caighdeán na beatha a mhéadú inár bpobail. Ní raibh an cur chuige straitéiseach seo chomh tábhachtach agus atá sé anois fad a lorgaíonn Éire le teacht aniar go hinbhuanaithe ó thionchair phaindéim COVID-19.

D'fhoilsigh na húdaráis áitiúla go léir a gcéad LECP in 2016/2017, agus tugtar an deis sa phróiseas chun LECPanna nua a fhorbairt chun machnamh a dhéanamh ar

eispéiris na bpáirtithe leasmhara go léir i dturas an ama. Déantar cur síos ar an bpróiseas chun tacú le LECP nua a fhorbairt sna treoirlínte a eisíodh le déanaí (**Pleananna Áitiúla Eacnamaíochta agus Pobail – Treoirlínte 2021**), a d’ullmhaigh an Roinn Forbartha Tuaithe agus Pobail (an DRCD) agus an Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreacht (an DHLGH), agus ba cheart go mbeadh an próiseas curtha ar an eolas go hiomlán ag foghlaim agus ag eispéiris na bpáirtithe leasmhara ábhartha uile trí chomhairliúchán inmheánach agus poiblí - le LECP daingean a chinntiú don chéad tréimhse eile 6 bliana.

Is í aidhm na dtreoirlínte tacaíocht a sholáthar d’údaráis áitiúla agus do chomhpháirtithe ábhartha áitiúla chun cabhrú leo pleananna cuimsitheacha agus solúbtha 6 bliana a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm a thacóidh le forbairt inbhuanaithe a limistéar i gcaitheamh shaolré an phlean. Tugadh le fios i gcomhairliúcháin faoinar tugadh mar chuid den phróiseas forbartha treoirlínte gur gá a chinntiú go bhfuil an LECP níos lúfaire agus go gceadaíonn sé d’fhreagairt do riachtanais atá ag teacht chun cinn ar bhonn leanúnach. Tá struchtúr na dtreoirlínte dírithe ar dhá chéim nasctha, dá bharr:

Tacaíonn **Mír A** le **Creat Comhtháite LECP** a fhorbairt ina bhfuil an chuid straitéiseach den phróiseas forbartha LECP. Sraith **spriocanna ardleibhéil** don phlean comhtháite a bheidh i bpríomhghné chreat foriomlán LECP, lena dtacóidh **cuspoirí inbhuanaithe sonracha** faoi na sruthanna geilleagracha agus pobail faoi seach. Déanfar breithniú i ngach cuspoir, ar a uain sin, ar **thorthaí agus ar tháscairí ardleibhéil féideartha** don tréimhse phleanála 6 bliana.

Pléitear i **Mír B** an plean um chur i bhfeidhm, atá dírithe ar chuspóirí **an Chreata LECP** a bhaint amach. Sonrófar ann seo an t-ionchur, na gníomhartha agus na hacmhainní a theastaíonn ón tréimhse um chur i bhfeidhm sin anuas ar phríomhtháscairí ábhartha sonracha feidhmíochta le measúnú a éascú.

## **Cur Chuige Mhaigh Eo**


Thosaigh Coiste Forbartha Pobail Áitiúil Mhaigh Eo le próiseas le plean áitiúil eacnamaíochta agus pobail (LECP) a ullmhú don tréimhse 2023-2029. Cuirfidh an plean seo leis an méid a foghlaimíodh agus ar fud an chontae go ceann cúig bliana.

Beidh an plean fianaisebhunaithe agus curtha ar an eolas ag an gcomhairliúchán forleathan taighde agus le páirtithe leasmhara a thit amach i rith na tréimhse idir Aibreán 2023 agus Nollaig 2023. Ar aon dul leis na treoirlínte thuasluaite ón rialtas, tá Comhairle Contae Mhaigh Eo ag glacadh le cur chuige atriallach 6 chéim, faoi mar a thugtar cuntas air sa léaráid seo a leanas.

Tá an méid seo a leanas déanta ag Comhairle Contae Mhaigh Eo sular thug siad faoin bpróiseas atriallach seo:

### **Grúpa Comhairleach an LECP a bhunú; agus Athbhreithniú ar an iar-LECP (2016-2021).**

Tá ionadaithe i nGrúpa Comhairleach an LECP ón údarás áitiúil agus ó na gníomhaireachtaí agus na heagraíochtaí a bhfuil freagracht dhíreach orthu as an LECP a chur le chéile agus a chur i bhfeidhm. Rinneadh an t-athbhreithniú ar an LECP in earrach 2023, agus bhain cur chuige modhanna measctha leis - suirbhé ceistneora agus grúpa fócais spriocdhírthe. Sainaitníodh san athbhreithniú conas is féidir le páirtithe leasmhara cur leis an iar-LECP agus conas is féidir leo a chur chuige straitéiseach a chuíchóiriú. Tugadh sásamh faoi deara le héachtaí a bhaineann leis an LECP ann le sé bliana anuas, na fiúntais a bhaineann le creat agus le cur chuige comhoibritheach, agus an gá atá le monatóireacht agus measúnú níos córasaí agus níos daingne.



Fíor 1: Treoirínite an Rialtais maidir leis an LECP a Chur le Chéile

Dírítear i gCéim 1 den LECP a chur le chéile ar ullmhú, ar fhianaise agus ar shonraí a bhailiú. Ar an gcaoi sin, d'ullmhaigh Daoine agus Áit, próifíl shocheacnamaíoch Chontae Mhaigh Eo a chuireann leis an obair a rinneadh roimhe seo faoinar tugadh ar phróifílí shocheacnamaíocha do Mhaigh Eo agus do cheantar trasteorann na hÉireann.

Áirítear leis an bpróifíl seo réamhshonraí ó Dhaonáireamh 2022 agus sonraí a foilsíodh le déanaí ó Dhaonáireamh Talmhaíochta 2020. Tá sonraí reatha sa phróifíl

freisin faoi ghnéithe socheacnamaíocha ábhartha, tithíocht, éiceolaíocht agus folláine saoránach san áireamh. Sa chás gur féidir, rinneadh luachanna Chontae Mhaigh Eo a thagarmharcáil in aghaidh luachanna siúd an Stáit agus shraitheanna réigiúnacha NUTS II agus III. Tá sa phróifíl chomh maith sonraí agus táscairí do limistéar Phlean Spásúlachta Ceantair Uirbigh an Iarthuaiscirt, ar príomhghheografaíocht gheilleagrach spásúlachta do Straitéis Gheilleagrach agus Spásúlachta Réigiún an Iarthair (an RSES) iad. Ar a bharr sin, cuirtear sonraí fochontae ar fáil sa phróifíl, ar leibhéal ceantair bhardsaigh agus lonnaíochta san áireamh. Tá go leor sonraí agus eolas oibiachtúil i gceist leis, ar an gcaoi sin, lena chur ar chumas Ghrúpa Comhairleach an LECP tabhairt faoi anailís SCOT, riachtanais, féidearthacht agus tosaíochtaí a shainnithint agus le spriocanna ardleibhéal a chur le chéile.

### Céim 1: Réamhullmhúchán

D'aontaigh Grúpa Comhairleach an LECP I rith Chéim 1 freisin le hamchlár agus le modheolaíocht chun an LECP a fhorbairt. Meastar go gcuirfeadh an t-amchlár i gcrích faoi dheireadh 2023, agus déantar soláthar sa mhodheolaíocht do shraith imeachtaí rannpháirteachais agus comhairliúcháin le páirtithe leasmhara, agus tá a bhformhór díobh seo le titim amach go luath in 2024. Críochnaíodh Céim 1 i míonna deireanacha 2023, tráth a tionóladh an Grúpa Comhairleach leis na dréachtspriocanna ardleibhéal a chuíchóiriú i rith mhí na Samhna.

### Céim 2: Comhairliúchán Poiblí

Is éard a bhaineann le Céim 2 ná rannpháirteachas dian reachtúil agus earnála le páirtithe leasmhara agus an LECP á chur le chéile (féach Fíor 2 thíos). Ag tosú in Eanáir 2024, dáilfidh Comhairle Contae Mhaigh Eo, i gcomhoibriú le tacaíochtaí comhairliúcháin, ionstraim shuirbhé lena chur ar chumas páirtithe leasmhara cuíchóiriú breise a dhéanamh ar na spriocanna ardleibhéal agus le gníomhartha agus cur chuige straitéiseach ábhartha a scagadh. Tabharfar an suirbhé seo isteach i gcaitheamh Eanáir 2024, agus titfidh sé amach ag an tráth céanna a thionólfar ceardlanna do pháirtithe leasmhara (go príomha ar líne). Críochnófar Céim 2 i bhFeabhra agus cuirfeadh í le glacadh foirmiúil na spriocanna ardleibhéal agus na guspóirí straitéiseacha ar na codanna den choiste um beartais straitéiseacha (LCDC) agus coistí ábhartha um beartais straitéiseacha (SPCanna).

### Céim 3: Cuspóirí agus Torthaí

Is éard a bhainfidh le Céim 3 ná oibriú ar an aiseolas a fuarthas ón LCDC, na SPCanna agus ón tionól réigiúnach chun cuspóirí, torthaí agus gníomhartha straitéiseacha mionsonraithe a fhorbairt. Oibreoidh Comhairle Contae Mhaigh Eo le Grúpa Comhairleach an LECP i rith na céime seo

le tairbhíthe a shainnithint agus le spriocanna agus táscairí uileghabhálacha anuas ar chóras le haghaidh athbhreithniú agus monatóireacht leanúnach a chur le chéile. Ar an gcaoi sin, beidh an Grúpa Comhairleach in ann, faoi Earrach 2024, an LECP a



struchtúrú agus aiseolas breise a lorg ó na CBanna agus ón tionól réigiúnach. Tá an chéim seo bunriachtanach lena chinntiú go bhfuil an LECP agus cuspóirí beartais eile ar aon dul lena chéile agus go gcothaítear comhthéacs tacúil institiúide.


#### Céim 4: SEA agus Críochnú an Phlean

Is éard a dhéanfar i gCéim 4 ná go gcuirfidh Comhairle Contae Mhaigh Eo an mheasúnacht straitéiseach timpeallachta (an SEA) i láthair a mbeidh dul chun cinn á dhéanamh aici i rith na míonna roimhe sin, mar gheall gur gné bhunriachtanach í seo lena chinntiú go gcuireann an LECP le forbairt inbhuanaithe. Is éard a bhainfidh leis freisin ná plean um chur i bhfeidhm comhtháite a chur le chéile a dhéanfar a shuíomh laistigh den chreat straitéiseach foriomlán sé bliana. Cuirfear an dá cháipéis faoi bhráid Chomhairle Contae Mhaigh Eo, lena n-athbhreithniú agus lena bhfaomhadh, in Earrach 2024.

#### Céim 6: Cur i bhfeidhm agus Creat

Is féidir Céimeanna 5 agus 6 a chur ar bun i gcomhthráth le codanna níos déanaí de Chéim 4, cé go leanfaidh siad ina dhiaidh sin. Is éard a bhaineann leo (i gCéim 5) ná pleananna um chur i bhfeidhm a chur le chéile – i gcomhoibriú leis na gníomhaireachtaí reachtúla agus na leasanna earnála ábhartha, chun go mbronntar éifeacht ar an LECP i measc ghnéithe uile ábhartha an gheilleagair agus an phobail.

Léirítear sa léaráid seo a leanas, a baineadh ó treoirlínte an rialtais, na comhéadain idir an LECP agus clár agus ról leasanna reachtúla agus earnála. Is éard a bhaineann le Céim 6 ná aontú le spriocanna agus le príomhtháscairí feidhmíochta (KPIanna).



Fíor 2: An LECP - Leasanna Reachtúla agus Earnála



# Plean Áitiúil Eacnamaíocht a agus Pobail Mhaigh Eo 2023-29:

## Comhthéacs an Bheartais

### Réamhrá

Soláthraítear eolas do LECP Mhaigh Eo 2024-2030 ag comhairliúcháin oibiachtúla taighde agus le páirtithe leasmhara. Saincheapadh é do Chontae Mhaigh Eo, mar gheall go cuirtear in iúl ann riachtanais agus féidearthacht áitiúil, agus freagraítear ann do dhúshláin agus do dheiseanna áitiúla. Deimhnítear sna torthaí taighde

tosaigh agus sa réamh-rannpháirteachas le páirtithe leasmhara tábhacht na timpeallachta beartais níos fairsinge i dtaobh an LECP a chumasú a spriocanna ardleibhéil a bhaint. De bhreis air sin, cuirtear meicníocht ar fáil sa LECP chun cuspóirí beartais AE agus náisiúnta ar leibhéal áitiúil a sholáthar, agus tá baint lárnach ag eispéiris agus aiseolas ar leibhéal áitiúil i dtaobh forbairt fhreagrúil agus fhianaisebhunaithe beartais a chinntiú. Tuigeann Comhairle Contae Mhaigh Eo agus páirtithe leasmhara eile an LECP an t-idirghníomhú idir na sraitheanna éagsúla beartais agus an bealach a mhúnlaíonn forálacha agus comhéadain bheartais an comhthéacs forbartha.

## Riachtanais Forbartha Inbhuanaithe - gnéithe domhanda a nascadh le gnéithe áitiúla

Tá beartais AE agus na hÉireann (náisiúnta) ag teacht chun cinn mar fhreagairt do riachtanais agus do dheiseanna, agus tá a gclaonadh á dhíriú níos mó ar chuspóirí forbartha inbhuanaithe a chumasú, a chur chun cinn agus a sholáthar. Is dócha go bhfuil baint níos mó inniu fiú ag an nath 'smaoinigh ar chúrsaí domhanda - gníomhaigh go áitiúil' ná mar a bhí aige nuair a tosaíodh lena chur chun cinn sna 1980idí, i ndiaidh gur foilsíodh Ár dTodhchaí le Chéile (Our Common Future). Faoi mar is léir ó thionóil leanúnacha COP agus mar a dtacaíonn sonraí eolaíochta neamhspleácha atá ag dul i méid leis, teastaíonn creataí domhanda agus fornáisiúnta ó chuspóirí forbartha inbhuanaithe a bhaint amach, agus buntacaíonn an tuiscint seo



le Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe na Náisiún Aontaithe (UNSDGanna).

Soláthraítear sna UNSDGanna an creat domhanda uileghabhálach don timpeallacht iomlán bheartais ina bhfuil LECP Mhaigh Eo suite (Fíor 1 thíos). Cuirtear fíís don daonnacht in iúl sna seacht sprioc déag óna dteastaíonn fiú níos mó forbairt gheilleagrach agus comhionannas deiseanna do gach grúpa daoine, gan aird ar tíreolaíocht, ar inscne nó ar thosca eile sóisialta. Teastaíonn tiomantas do chaomhnú éiceolaíochta óna mbaint amach agus teastaíonn athchóiriú na bithéagsúlachta – ar muir agus ar talamh. Déantar soláthar sna UNSDGanna chomh maith do sheirbhísí feabhsaithe shóisialta, sláinte agus oideachais agus do rialachas níos fearr – ag gach sraith.

Teastaíonn ó bhaint na spriocanna go dtéitear i ngleic le ‘fadhbanna olca’, mar dhea, go háirithe athrú aeráide agus cailteanas bithéagsúlachta, agus tacaíonn siad le haistriú cóir chuig sochaí iarcharbóin. Nuair a chuirtear cineál trasteorann na saincheisteanna san áireamh, pléitear agus breithnítear sna UNSDGanna an idirnascthacht atá ag dul i méid idir daoine agus áiteanna, teastaíonn comhoibriú tíreolaíoch, earnála agus institiúide ó na UNSDGanna. Tá na héiceachórais agus na gnáthóga nádúrtha céanna i gContae Mhaigh Eo, na suíomhanna atá íogair i dtaobh cúrsaí éiceolaíochta de san áireamh, atá i gcontaetha eile. Teastaíonn comhoibriú traschontae, idirghníomhaireachta agus idirphobail óna gcaomhnú agus óna gcosaint.

Buntacaíonn cur chuige comhoibritheach le LECP Mhaigh Eo – go hinmheánach agus le contaetha eile – a chuireann ar ár gcumas treo forbartha níos inbhuanaithe a bhaint amach, agus a fheabhsóidh torthaí geilleagracha, oideachais agus socheacnamaíochta do gach duine dá shaoránaigh, agus acmhainní nádúrtha á gcosaint agus rannchuidiú inbhraite á thabhairt dár bhfreagrachtaí domhanda i gcomhthráth. Tá LECP Mhaigh Eo mar chuid de shraith bhunaithe beartas, creataí agus tionscnamh a lorgaíonn a chur ar chumas an chontae treo forbartha níos inbhuanaithe a bhaint amach, agus a fheabhsóidh torthaí geilleagracha, oideachais agus socheacnamaíochta do gach duine dá shaoránaigh, agus acmhainní nádúrtha á gcosaint agus rannchuidiú inbhraite á thabhairt dár bhfreagrachtaí domhanda i gcomhthráth.

## Ailíniú agus Comhlántacht Bheartais

Léirítear na prionsabail agus an cur chuige a chuirtear in iúl sna UNSDGanna sa leagan reatha de chreataí beartais AE, agus imríonn siad tionchar ar agus múnlaíonn siad beartas ar leibhéal náisiúnta in Éirinn anuas ar bheartas agus ar chleachtas i gContae Mhaigh Eo. Mar a léirítear sa léaráid seo a leanas (Fíor 1), tagraítear i LECP Mhaigh Eo (2023-29) agus baineann sé le sraith bhunaithe beartas idircheangailte – ar bhealach iomlánaíoch, seachas ar bhonn earnála.



Fíor 3: LECP Mhaigh Eo – Creat Beartais

Soláthraítear sna UNSDGanna an creat agus an fhís uileghabhálach sheachtrach dhomhanda, agus déanann siad, ar a uain sin, ceapadh beartas agus torthaí ar leibhéal AE agus náisiúnta a mhúnlú agus a threorú. Ar a bharr sin, soláthraítear pointí tagartha sna UNSDGanna agus sna creataí beartais gaolmhara ar shraith níos ísle ar ar féidir dul chun cinn an LECP a thomhas.

Tá an comhthéacs beartais bainteach, ní hamháin leis an LECP a chur le chéile, ach lena chur i bhfeidhm agus lena chóras monatóireachta leanúnach freisin.

Luaigh an tAontas Eorpach (AE) gur ‘comhpháirtí nádúrtha’ na Náisiún Aontaithe (an NA) atá ann maidir leis na UNSDGanna a sholáthar. Déanann gníomhaireacht staitisticí an AE – Eurostat – monatóireacht ar rannchuidiú an AE leis na UNSDGanna

a bhaint amach, agus cabhraíonn a thuarascálacha le cur chuige an lucht déanta beartas i leith cinnteoireachta a mhúnlú.

Tá a mhacasamhail de chur chuige bainteach ar leibhéal ballstát AE; gheall Rialtas na hÉireann do na UNSDGanna a chur i bhfeidhm, agus tá córas ama-faoi-shiúl i bhfeidhm ag Éirinn a dhéanann dul chun cinn na tíre a thaifeadadh agus a dhoiciméadú ina leith seo. Tá ról thábhachtacha le glacadh ag comhlachtaí reachtúla, an lucht déanta beartas agus ag soláthraithe seirbhíse (ar gach sraith), údaráis réigiúnacha agus áitiúla san áireamh, i dtaobh forbairt gheilleagrach a chinntiú, mar gheall gurb iad na príomhsholáthraithe seirbhísí sóisialta, tá siad i ngar do phobail/shaoránaigh agus tá cumhachtaí reachtaíochta agus boga araon acu maidir le hoibriú comhpháirtíochta a chur chun cinn, forbairt gheilleagrach a chumasú, dul chun cinn sóisialta a chothú agus an lucht oibre a fhorbairt, tacú le forbairt pobail agus an timpeallacht nádúrtha a chosaint. Léirítear a bhfreagrachtaí agus a gcumas ina leith seo sna beartais éagsúla a liostaítear sa léaráid anseo.

Ba cheart a thabhairt faoi deara, cé go liostaítear beartais ar leithligh, tá roinnt gnéithe forluíteacha agus cuspóirí comhroinnte acu, ní hamháin maidir le hathrú aeráide breise a fheabhsú agus a fhógairt. Tiocfaidh réimse agus scóip na mbeartas a liostaítear anseo chun cinn i gcaitheamh shaolré an LECP, ach beidh an struchtúr agus an t-ailíniú bunúsach a chuirtear in iúl sa léaráid seo (ar an leathanach roimhe seo) seasmhach, anuas ar ghealltanais bheartais agus ar chleachtais maidir le forbairt inbhuanaithe.

## Beartais agus Creataí AE

Faoi mar a léirítear sa léaráid, déanann an AE comhéadan le agus bronntar éifeacht ann ar UNSDGanna, agus cé go bhfuil roinnt limistéar de bheartas AE ann a imríonn tionchar ar Chontae Mhaigh Eo agus ar an LECP, liostaítear sa léaráid na príomhbheartais agus na beartais is forleithne. Aithnítear i straitéis na hEorpa go dtí 2030 scála na ndúshlán maidir le hathrú aeráide agus an gá atá le sochaithe níos ionchuimsithí. Lorgaítear ann cur le gníomhartha múscailte feasachta agus le comhpháirtíocht a fhorbairt lena chur ar chumas shochaí na hEorpa chun dul i ngleic le hathrú aeráide, cailteanas bithéagsúlachta, ganntanais acmhainní, geopholaitíocht, an borraradh ar thrédhearcacht agus ar ionchais phríobháideachais, aistrithe sa mhargadh saothair, daonra atá ag dul in aois, cosantas ag dul i méid, neamhionannas ioncaim agus oiriúnú forleathan teicneolaíochtaí digiteacha.

Trína bheartais, a shruthanna cistithe agus a mheicníochtaí idir-rialtais, tá ballstáit á spreagadh agus á gcumasú agus tá dualgas á leagan orthu a bheith níos athléimní –

chun gur fearr is féidir le sochaithe agus le pobail seasamh in aghaidh suaitheadh reatha agus suaite a bhfuil coinne leis, cosúil leo siúd a chruthaíonn athrú aeráide agus faoi mar a tugadh faoi deara i bpaindéim COVID-19 agus teacht i láthair daoine atá ag teitheadh ón gcoimhlint san Úcráin agus ó thíortha eile. Baineann spriocanna AE ina leith seo le páirtithe leasmhara i Maigh Eo – a dhéanann iarracht an LECP a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm, agus tá súil againn coimeád chun cinn ar threonna taighde agus beartais AE. Ar a bharr sin, táimid tiomanta d'oibriú le húdaráis náisiúnta agus réigiúnacha le deiseanna a ghíaráil a eascraíonn as comhoibriú idirchríche agus meicníochtaí tacaíochta.

Cé go mbaineann creataí beartais an AE a liostaítear anseo le hearnálacha sonracha, i dtaobh cúrsaí oibríochtúla, tá siad ceangailte le chéile ag an tuiscint gur gá do bheartas poiblí tacú le gnóthais, institiúidí, pobail agus saoránaigh go mbeidh siad níos freagraí, níos nuálaí, níos oiriúnaithí agus níos cruthaithí ó thaobh cúrsaí éiceolaíochta. Is iad sé Thosaíocht an Choimisiúin do thréimhse reatha an chláir (a fhaide le 2024):

- i. Comhaontú Glas an AE;
- ii. An Eoraip atá oiriúnach don ré dhigiteach;
- iii. Geilleagar a oibríonn do dhaoine;
- iv. An Eoraip níos láidre ar domhan;
- v. Ár modh maireachtála Eorpach a chur chun cinn; agus
- vi. Iarracht nua ar son an daonlathais san Eoraip.

Tá na luachanna Eorpacha atá os cionn gach cinn díobh seo, agus a chuirtear chun cinn go sainráite i dtosaíochtaí iv go vi, i measc shaintréithe chur le chéile agus chur i bhfeidhm an LECP – a dhéanann comhpháirtíochtaí a chruthú agus a chumasaíonn rannpháirtíocht.

Lorgaítear i **gComhaontú Glas an AE**, ar an gcaoi sin, gach earnáil den gheilleagar a dhreasú a bheith níos uailmhianaí chun a loirg choise éiceolaíochta a laghdú agus chun teicneolaíochtaí nua a chothú i dtaobh éifeachtúlacht fuinnimh a uasmhéadú, agus táirgiúlacht á méadú agus deiseanna nua fostaíochta agus oiliúna á gcruthú. Lorgaítear i mbeartas digiteach an AE chun saoránaigh, gnólachtaí agus soláthraithe a chumasú úsáid éifeachtach a bhaint as teicneolaíochtaí nua. Lorgaítear i straitéis gheilleagrach an AE chun timpeallacht mhealltach infheistíochta a chur chun cinn agus chun borradh a chothú a chruthaíonn poist ardchaighdeáin, go háirithe do dhaoine óga agus do ghnólachtaí beaga.



Tá beartais spásúlachta, cosúil leis na straitéisí inbhuanaithe forbartha uirbí, dírithe i dtreo feabhas a chur ar mhealltacht spásanna uirbeacha – a dhéanann infheistíocht a ghríosú agus a chothú, geilleagair agus líonraí áitiúla a neartú agus comharsanachtaí a dhéanamh níos inrochtana / níos insiúlta agus níos féinchuimsithí.

Baineann a mhacasamhail de chur chuige le pobail tuaithe, agus tá súil ag an AE le cur chuige sráidbhaile chliste a thabhairt isteach níos fairsinge sna deich mbliana amach romhainn. Tá digitiú agus speisialú cliste ina ngné i measc fearainn bheartais mar chumasóirí nuálaíochta agus trí bhealaí a chur ar fáil trínar féidir soláthar seirbhíse poiblí a fheabhsú. Braitheann cumas na sochaí na deiseanna gaolmhara a thapú ar litearthacht dhigiteach a fheabhsú. Samhlaíonn páirtithe leasmhara i Maigh Eo go ndéanfar infheistíochtaí i mbonneagar cruacha agus i dtacaíochtaí boga – forbairt oiliúna agus acmhainní – mar gheall go bhfuil an contae meáite ar na deiseanna geilleagracha, acmhainní daonna agus soláthair seirbhíse a thapú a bhaineann le teicneolaíochtaí cliste agus lenár n-oibleagáidí maidir le cosaint an chomhshaoil.

Leanfaidh an Comhbheartas Talmhaíochta (an CAP) le tionchar suntasach a imirt ar Chontae Mhaigh Eo, nuair a chuirtear tábhacht an gheilleagair tuaithe san áireamh. Déantar iarracht sa CAP chun tacú le feirmeoirí i dtaobh leanúint le bia ardchaighdeán a tháirgeadh, agus na hacmhainní nádúrtha á gcosaint i gcomhthráth ar a mbraitheann táirgeadh bia inbhuanaithe. Is féidir leis seo a bheith dúshlánach, go háirithe d'fheirmeoirí déiríochta agus mairteola, agus beidh ar an tionscal bia iomlán a bheith an-nuálach agus an-oiriúnaitheach sna deich mbliana amach romhainn. Cuirtear comharthaí sóirt straitéiseacha agus maidir le cistiú ar fáil sa CAP do LEADER, agus cuirfeadh an chéad leagan eile de LEADER (2023-2027) i bhfeidhm i gcomhthráth le tabhairt isteach an LECP.

## **Beartais agus Creataí Náisiúnta**

Faoi mar a léirítear sa léaráid (a chuirtear i láthair thuas), tá na beartais ar leibhéal náisiúnta a mhúnlaíonn agus a bhaineann le LECP Chontae Mhaigh Eo bunaithe laistigh de chreataí an NA agus an AE, agus tá roinnt prionsabail agus forálacha comhlántacha, comhroinnte agus forluiteacha iontu. Mar fhreagairt do phaindéim COVID-19, agus lena chur ar chumas sochaithe teacht aniar óna héifeachtaí díobhálacha, d'ullmhaigh gach ballstát AE plean um theacht aniar agus athléimneachta, agus tá a gcur i bhfeidhm á gcumasú ag cistí AE agus Státchiste.

Tagann sé cholún na bpleananna leis na UNSDGanna, agus cuirtear ar fáil iontu sraith pointí tagartha do pháirtithe leasmhara a chuireann LECP Mhaigh Eo i bhfeidhm. Is iad na colúin:

- Aistriú glas;
- Claoclú digiteach;
- Borradh cliste, inbhuanaithe agus ionchuimsitheach;
- Comhtháthú sóisialta agus críche;
- Athléimneacht sláinte, gheilleagrach, shóisialta agus institiúide; agus
- Beartais don chéad ghlúin eile

Tá na trí thosaíocht uileghabhálacha agus idircheangailte seo a leanas sa Phlean Náisiúnta Téarnaimh agus Teacht Aniar d'Éirinn:

- An t-aistriú glas a chur chun cinn;
- Athchóirithe agus claoclú digiteach a luathú agus a fhairsingiú; agus
- Téarnamh geilleagrach agus sóisialta agus cruthú post.

Cothaítear agus bronntar éifeacht sna tosaíochtaí seo ar an treo beartais thuasluaite uileghabhálach AE, agus tá tionchar á imirt ag tabhairt isteach tionscadal gaolmhar ar ghnóthais, ar institiúidí agus ar phobail i Maigh Eo.

Cé go mbaineann an Plean Náisiúnta Téarnaimh agus Teacht Aniar go príomha le roghanna straitéiseacha a sholáthar, gealltar ann chomh maith d'athchóirithe struchtúracha. Áirítear leo seo coigeartuithe ar an mbonn cánach carbóin, dul i ngleic leis an deighilt dhigiteach, bacainní rialála a laghdú ar fhiontraíocht, athchóiriú pinsin, soláthar tithíochta a mhéadú agus cur i bhfeidhm Sláintecare a thabhairt chun cinn.

Imríonn na fearainn bheartais seo tionchair dhíreacha agus indíreacha ar chur i bhfeidhm LECP Chontae Mhaigh Eo, agus beidh sé tábhachtach go mbeidh páirtithe leasmhara airdeallach ar a n-iarmhairtí, go háirithe do ghrúpaí leochaileacha. Beidh ar pháirtithe leasmhara a bheith réamhghníomhach freisin lena chinntiú go dtapaíonn gnóthais, institiúidí agus pobail i Maigh Eo na deiseanna a eascraíonn as cur i bhfeidhm an phlean agus as na hathchóirithe struchtúracha agus reachtaíochta a bhfuil súil leis go ngabhfaidh siad leis.

## Príomhbheartais Náisiúnta

Tá **Plean Náisiúnta Téarnaimh** á chur chun cinn ó Mheitheamh 2021 ag an Stát – ina lorgaítear tacú le gníomhaíocht gheilleagrach a atosú (tar éis Covid), agus díreann sa phlean seo ar an méid seo a leanas: airgeadas inbhuanaithe poiblí a chinntiú; cabhrú le daoine filleadh ar an obair; fiontair inbhuanaithe a atógáil; agus téarnamh cothrom agus ionchuimsitheach. Cé go mbaineann na príomhriachtanais le hathchoigeartuithe geilleagracha, aithnítear sa phlean an tábhacht a bhaineann le hinfheistiú in oideachas, in oiliúint agus in ionchuimsiú sóisialta, i measc fearainn eile, chun forbairt gheilleagrach a chumasú agus a chothú.

Tá roinnt beartais earnála ar leibhéal náisiúnta agus idirearnála ann a bhaineann le cur le chéile agus cur i bhfeidhm LECP Mhaigh Eo.

Beidh impleachtaí forleathana do gach earnáil an gheilleagair agus na sochaí ag **Plean um Gníomhú ar son na hAeráide** na hÉireann agus ag an reachtaíocht ghaolmhar, ina ngeallann muid do laghduithe suntasacha a bhaint amach ar ár n-astaíochtaí carbóin. Cruthóidh an oibleagáid chun ár loirg charbóin a laghdú dúshláin ghearrthéarmacha agus mheántéarmacha i roinnt earnálacha, fuinneamh, iompar agus talmhaíocht ina measc siúd is suntasaí, agus buntacaíonn sonraí eolaíochta leis agus cuireann riachtanais mhorálta an oibleagáid sin chun cinn. Leagfaidh siad ualaí airgeadais freisin ar theaghlaigh ísealioncaim agus beidh idirghabháil beartais agus cleachtais ag teastáil uaidh, gníomhartha san áireamh ar leibhéal pobail, le haistriú cóir chuig sochaí atá saor ó charbón a chinntiú.

Buntacaíonn athrú aeráide a mhaolú agus tosca feabhsaithe leis na prionsabail, cuireann siad cuspóirí Phlean Forbartha Chontae Mhaigh Eo (2018-2024) chun cinn, agus tabharfar chun solais níos mó iad sa phlean forbartha contae a bheidh ag teacht aníos (ó 2025), a oibreofar i gcomhthráth leis an LECP seo agus a chuirfidh leis. Rialaítear sa phlean forbartha contae agus ina phleananna ceantair áitiúil (LAPanna) gaolmhara pleanáil spásúlachta, úsáid talún, iompar agus comhforbairt áite san áireamh. Cé go bhfuil sainchúram feidhmiúil níos fairsinge ag an LECP, caithfidh a fhorálacha na cuspóirí beartais a chomhlíonadh a leagtar amach sa phlean forbartha contae (an CDP). Ag an am céanna, is féidir leis an CDP tacaíochtaí a sholáthar agus soláthar chuspóirí an LECP a ghíaráil, agus d'fhéadfadh sineirgí dearfacha a bheith ann idir an dá shraith pleananna.

Cé go dtiocfaidh athruithe ar bheartas, reachtaíocht agus sruthanna cistithe AE agus ar leibhéal náisiúnta i gcaitheamh shaolré an LECP seo, agus cé nach féidir liosta a thabhairt de na beartais ábhartha go léir ná fiú coinne a bheith leis na hathruithe go léir, tugtar cuntas sa chreat beartas uileghabhálach a chuirtear i láthair sa tuarascáil seo ar an tírdhreach agus ar an timpeallacht reatha agus tá patrúin agus treochtaí

beartais curtha in iúl aige is dóchúil a mhúnlóidh comhthéacs institiúide an LECP go ceann sé bliana.

Déantar tagairt ar leith sa chreat (Fíor 3 thuas) do dhá roinn rialtais, is iad siúd, an Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreacht agus an Roinn Forbartha Tuaithe agus Pobail, mar gheall gurb iad seo an dá roinn a dhéanann maoirseacht ar chur i bhfeidhm an LECP, agus ba iad siúd a d'eisigh na treoirlínte maidir leis an LECP a bhfuil muid ag cloí leo. Luann na ranna ina gcáipéisí treorach ábharthacht a mbeartas agus a glár féin, anuas orthu siúd a eascraíonn as aireachtaí agus as gníomhaireachtaí, agus liostaítear go sonrath na beartais seo a leanas (i):

- Pleananna Fiontraíochta Réigiúnaí;
- Tús Áite do Láir Bhailte;
- Straitéisí Digiteacha Contae;
- Straitéisí Oifig Fiontair Áitiúil (LEO);
- Beartas Fiontraíochta Sóisialta;
- Gníomhú ar son na hAeráide;
- Éire Shláintiúil;
- Éire Ildánach; agus
- Aoisbhá Éireann.

Tá na beartais seo á léiriú agus á gcur i bhfeidhm cheana féin ar leibhéal áitiúil sna straitéisí éagsúla a cuireadh i bhfeidhm i gContae Mhaigh Eo, agus is féidir leis an LECP meicníocht a sholáthar chun na beartais agus na straitéisí seo a neartú, a shaincheapadh, a dhéanamh níos beachte agus a threisiú agus chun comhoibriú breise a chur chun cinn ina measc siúd a bhfuil siad á soláthar acu.

(i) Chun teacht ar shonraí, féach, le do thoil: <https://www.gov.ie/en/policy/d5adb8-community-supports>

**Tithíocht do Chách** – plan tithíochta nua d'Éirinn é seo ina ndéantar soláthar d'infheistíocht mhór i dtithíocht a thógáil, agus leagtar dualgas ann ar pháirtithe leasmhara i Maigh Eo na deiseanna gaolmhara a thapú agus oibriú go comhoibritheach chun comhfhorbairt áite agus forbairt pobail a chumasú. D'fhéadfadh an LECP uirlisí a sholáthar lena chumasú pobail agus tacaíochtaí sóisialta a thógáil – ar gá dóibh gabháil le haon infheistíocht i mbonneagar fisiciúil.

Tagann deiseanna do leasanna earnála i láthair i mbeartas reatha forbartha tuaithe na hÉireann i limistéir ar nós turasóireachta, an gheilleagair shóisialta agus digitiú,

agus a fhorálacha i dtaobh cianoibriú le, agus treisíonn siad, na forálacha i mbeartais eile - agus féidearthachtaí á gcur ar fáil, dá bharr, le haghaidh tionscadail chlaochlaitheacha a rachadh chun sochair geilleagair thuaithe, a rachadh i ngleic le meath faoin tuath agus a d'fheabhsódh sláinte agus caighdeán beatha daoine.

Tá an dara himeallbhord is faide in aon contae in Éirinn i gContae Mhaigh Eo. Tá na haillte farraige is airde in Éirinn agus an t-oileán is mó amach ón gcósta in Éirinn sa chontae freisin. Tá roinnt calafoirt, cuanta agus céanna beaga iascaireachta, tráchtála agus áineasa ann i gContae Mhaigh Eo. Ar an ábhar sin, tá an-bhaint ag an gCreat Náisiúnta um Pleanáil Mhuirí (an NMPF) (croíghné de Thionscadal Éireann 2040) leis an gcontae. I measc a chuspóirí tá pobail bheoga, inrochtana, athléimneacha agus inbhuanaithe chósta agus oileáin agus geilleagar aigéin inbhuanaithe agus faoi rath a chur chun cinn. Leagtar amach san NMPF beartais shonracha maidir le sláinte aigéin (an timpeallacht); an geilleagar muirí; agus idirchaidreamh leis an bhfarraige (sóisialta). Tugtar cuntas ann chomh maith ar threochtaí forbartha earnála do cheantair chósta maidir le dobharshaothrú, cosaint agus slándáil, fuinneamh, iascaigh, taiscéaladh agus mianadóireacht mianraí, bonneagar, loingseoireacht, sábháilteacht, baint feamainne, spórt agus caitheamh aimsire, teileachumarsáid, turasóireacht agus cóireáil uisce.

D'fhoilsigh an Roinn Forbartha Tuaithe agus Pobail straitéis deich mbliana i Meitheamh 2023 d'oileáin amach ón gcósta in Éirinn - Ár nOileáin Bheo (2023-2033). Buntacaíonn cúig chuspóir straitéiseacha ardleibhéil leis an mbeartas seo, is é sin:

- Leibhéil daonra a athbheochan ar na hoileáin;
- Geilleagair oileáin a éagsúlú;
- Seirbhísí sláinte agus folláine a fheabhsú;
- Pobail oileáin a chumasú; agus
- Todhchaí inbhuanaithe cliste a fhorbairt.

Gabhann plean gníomhaíochta don tréimhse 2023-2026 le beartas na n-oileán lena n-áirítear gníomhartha atá ceangailte ó thaobh ama, atá á gcur i bhfeidhm ag páirtithe leasmhara éagsúla, faoi stiúir roinn rialtais nó gníomhaireacht Stáit ainmnithe. Tá gníomhartha ag díriú ar sholáthar tithíochta a mhéadú (go príomha trí athchóiriú), feabhas a chur ar nascacht dhigiteach, triail phíolótach a bhaint as meithleacha ríomhshláinte agus a chinntiú go gcloistear glórtha pobail oileáin trí fhóram do phlé leanúnach idir na pobail oileáin, údaráis áitiúla agus páirtithe leasmhara ábhartha a bhunú agus tacú leis. Sonraítear i mBeart 4.4 (sa straitéis) gur cheart ionadaíocht a dhéanamh do phobail oileáin ar LCDCanna agus ar PPNanna i gcontaetha ábhartha. Tá gníomh ar leith amháin ann d'oileáin Chontae Mhaigh Eo - héileapad a thógáil ar Inis Toirc.

Cuirtear creat tacaíochta ar fáil in **Ár dToghcháí Tuaithe - Beartas Forbartha Tuaithe na hÉireann (2021-2025)** do nascacht fhisiciúil agus dhigiteach níos fearr, agus gealltar ann do thacú le leathanbhanda a thabhairt isteach níos mó agus níos tapúla agus le moil dhigiteacha a fhorbairt. Cuirtear eispéiris agus ceachtanna a foghlaimíodh ó phaindéim COVID-19 san áireamh agus an beartas á chur le chéile, an fhéidearthacht chlaochlaitheach ina measc - do dhaoine aonair agus do phobail - go ndéanfar cianoibriú / oibriú hibrideach / oibriú ceangailte agus do na tairbhí sláinte agus sóisialta a bhaineann le teacht ar spásanna glasa agus ar chonláistí áineasa.

Ar an gcuma chéanna, lorgáítear sa bheartas náisiúnta - **Luach Saothair a Bhaint den Chianoibair sin** (Making Remote Work) - dea-chleachtais a phríomhshruthú a tháinig chun solais i rith na paindéime, agus thug an Rialtas sraith beart chun tacú le cianoibriú / oibriú ceangailte, an ceart san áireamh (i measc fostaithe) gur féidir iarraidh ar chianoibriú a dhéanamh.

Tá forálacha **Ár dToghcháí Tuaithe** maidir le turasóireacht oidhreachtbhunaithe agus an geilleagar cruthaitheach an-bhainteach le hábhar do Chontae Mhaigh Eo. Luaitear sa bheartas chomh maith an gá le láir bhailte agus shráidbhailte a athbheochan, agus cuireann sé, ina leith seo, le cuspóirí beartas eile náisiúnta, Tús Áite do Láir Bhailte san áireamh. Luaitear sa bheartas próifíl athraitheach agus éagsúlacht mhéadaithe phobail tuaithe, agus tacaítear ann d'infheistíocht in ionchuimsiú sóisialta, forbairt acmhainní agus an geilleagar sóisialta.

Cuireann **Ár dToghcháí Tuaithe** ina leith seo le beartais eile atá dírithe ar an bpobal, an Beartas Fiontraíochta Sóisialta Náisiúnta d'Éirinn 2019-2022 agus **Ár bPobail: Creat Beartais don Fhorbairt Áitiúil agus don Fhorbairt Pobail in Éirinn** anuas ar Phobail Inbhuanaithe, Uilechuimsitheacha agus Chumhachtaithe - straitéis cúig bliana chun tacú leis an earnáil phobail agus dheonach in Éirinn 2019-2024. I dteannta a chéile, tugtar faoi deara sna beartais seo a thábhachtaí atá sé tacú leis an saorálaíochas agus le rannpháirtíocht saoránach i gcinnteoireacht i gcomhthéacsanna uirbeacha agus tuaithe araon, agus tagraítear iontu do na bealaí inar féidir leis an ngeilleagar sóisialta agus le fiontair phobail saoránaigh a spreagadh chun gnímh, forbairt gheilleagrach a chur chun cinn agus seirbhísí áitiúla a sholáthar, go háirithe le haghaidh cohórt is deacair a aimsiú.



## An Straitéis Réigiúnach Spáis agus Eacnamaíochta (an RSES) agus an Plean Forbartha Contae

Bronntar sa Straitéis Réigiúnach Spáis agus Eacnamaíochta (an RSES) do Réigiún an Tuaiscirt agus an Iarthair éifeacht ar an gCreat Náisiúnta Pleanála (an NPF) ar leibhéal réigiúnach agus go sonrach sna hocht gcontae, Maigh Eo san áireamh, a thagann faoina shainchúram. Ar a bharr sin, cuirtear creat tacúil ar fáil ann do phleananna forbartha contae agus cathrach, pleananna ceantair áitiúil agus LECPanna ar fud an réigiúin, chun comhlántacht agus sineirgí a uasmhéadú idir na sraitheanna éagsúla spásúlachta – réigiúnach, contae agus áitiúil/pobal. Ar aon dul le moltaí an OECD maidir le pleanáil spásúlachta agus réigiúnach agus forbairt críche, díritear san RSES ar shócmhainní agus ar dheiseanna straitéiseacha an réigiúin a shainaithint agus a shaothrú, agus aird á tabhairt ar riachtanais agus ar dhul i ngleic le dúshláin. Agus sreabhántacht, tréscailteacht agus dinimic na geografaíochta geilleagraí, sóisialta agus pobail á n-aithint, tacaítear san RSES le cur chuige do bharcheantar, bunaithe ar fhoréigiúin. Tá Maigh Eo ar cheann de na foréigiúin seo, agus aithnítear san RSES, mar is ceart, na gnéithe, na dúshláin agus na deiseanna forluíteacha agus iolracha atá i Maigh Eo agus atá i bhforéigiúin eile máguaird, agus a fhéiniúlacht shainiúil a bheith ag an gcontae i gcomhthráth.

Tá naisc láidre gheilleagracha, bhonneagracha agus chultúrtha ag Maigh Eo Theas le Conamara, Cathair na Gaillimhe agus le purláin na cathrach. Déanann codanna de Mhaigh Eo Thoir comhéadan go tréan le Ros Comáin agus le Baile Átha Luain agus a phurláin. Tá ceangail láidre idir Maigh Eo Thuaidh agus Thoir agus Sligeach. Is iad Cathair na Gaillimhe, Sligeach agus Baile Átha Luain na pointí tagartha uirbeacha is tábhachtaí agus na hionaid seirbhíse is mó sa réigiún, do shaoránaigh, pobail, gnólachtaí agus gníomhaireachtaí i gContae Mhaigh Eo. Ar an gcaoi sin, i dtaobh an LECP, is éard a thugann cur chuige do bharcheantar le fios ná comhoibriú idirchontae agus trasteorann a éascú anuas ar oibriú ar bhonn geografaíocht nádúrtha, gheilleagrach, shóisialta agus chultúrtha, seachas a bheith teorannaithe ag teorainneacha traidisiúnta riaracháin nó institiúide. Ar an gcaoi sin, bunchlocha na forbartha inbhuanaithe críche agus réigiúnaí é comhoibriú idirchríche agus idirghníomhaireachta. De bhreis air sin, leagtar an bhéim sa mhéid lena mbuntacaítear san RSES ar a thábhachtaí atá comhéadain tuaithe-uirbeacha agus cur chuige comhoibritheach i leith comhfhorbairt áite.

Luaitear san RSES tábhacht na háite i bhforbairt gheilleagrach agus pobail. Ar aon dul le comhfhorbairt áite agus leis an gcur chuige straitéiseach a chuirtear chun cinn san NPF a leagtar amach in Athnuachan ar an bhFiontraíocht 2025 (Enterprise 2025 Renewed) (an Roinn Gnó, Fiontar agus Nuálaíochta), gealltar san RSES do 'beartas

náisiúnta agus straitéis earnála (a chomhcheangal) le samhail uathúil ‘áitbhunaithe’ forbartha a chuirtear i láthair go huathúil ar fud an réigiúin seo. Cuirtear an méid seo a leanas in iúl sna cuspóirí gaolmhara, a mbaineann gach ceann díobh leis an LECP: athléimneacht a leabú agus táirgiúlacht a fheabhsú i bhfiontair dhúchasacha; comhoibriú agus braisliú a chur chun cinn i measc fiontair reatha dhúchasacha agus faoi úinéireacht eachtrach; tallann, nuálaíocht agus iomaíochas a fheabhsú; infheistiú i gcomhfhorbairt áite, chun go mbíonn áiteanna mealltach d’infheistíochtaí gnó agus do dhaoine le maireachtáil agus le hoibriú iontu; agus caidreamh idirnáisiúnta a neartú.



Fíor 4: Na sé fhoréigiún den NWR

Tugtar cuntas san RSES ar thábhacht bhreithnithe comhshaoil nuair atá cuspóirí beartais réigiúnacha á gcur le chéile, á soláthar agus á n-athbhreithniú anuas ar phleananna earnála agus spásúlachta i ngach sraith. Ar a bharr sin, tacaítear ann le breithnithe bithéagsúlachta a chomhtháthú ar bhealach dearfach, réamhghníomhach agus réamhchúramach, agus cuirtear cosaint na timpeallachta nádúrtha agus caomhnú na bithéagsúlachta chun cinn ann mar

phríomhphrionsabail. Ar a bharr sin, luaitear san RSES na fiúntais a bhaineann le teacht a bheith ar shonraí reatha agus daingne comhshaoil.

Cuirtear sonraí contae agus fochontae i láthair sa Ráiteas Socheacnamaíoch, ar croíghné é den bhonn fianaise a bhuntacaíonn leis an LECP seo, faoi na hathróna uile sóisialta agus déimeagrafacha a mheastar atá tábhachtach agus ábhartha san RSES. Is gá leanúint le sonraí a thiomsú agus le monatóireacht a dhéanamh ar threochtaí ina leith seo, dlús daonra agus méid ‘na tuaitheachta’, riachtanais agus acmhainn chohóirt shonracha aoise agus róil an oideachais, na hoiliúna, na nuálaíochta agus foghlaim scileanna agus na hathnuachana maidir le comhfhorbairt áite san áireamh. Cuirtear táscairí i láthair san SES seo a dhéanann ceangal leis na táscairí siúd a chuirtear i láthair san RSES, agus a sháraíonn na táscairí siúd, maidir le gníomhaíochtaí tráchtála, folúntas, soláthar seirbhíse, tithíocht, bonneagar, timpeallacht, agus oideachas i measc earnálacha eile. Is féidir le monatóireacht leanúnach a dhéanamh ar na táscairí seo measúnú córasach a dhéanamh ar an méid a chuireann an LECP leis, agus ar an méid a thagann sé leis, an RSES. Go deimhin, luaitear san RSES na naisc idir baint amach, cruthaitheacht agus anailís.

I dtaobh a fhíse foriomláine straitéisí, luaitear san RSES go bhfuil ‘ár Straitéis Réigiúnach Spásúil agus Eacnamaíochta bunaithe ar chomhpháirtíocht, ceannaireacht chomhoibritheach, agus go ndírítear ann go soiléir ar fhorbairt gheilleagrach réigiúnach áitbhunaithe agus ar phleanáil éifeachtach réigiúnach’, agus go samhlaítear ann réigiún atá beoga, ceangailte, nádúrtha agus ionchuimsitheach agus atá ina áit chliste inar féidir oibriú agus maireachtáil. Faoi mar a tugadh faoi deara níos luaithe, leagtar béim shuntasach san RSES ar chomhfhorbairt áite, agus luaitear go bhfíorófar a fhís trí ‘oibriú le chéile le hÁITEANNA NÍOS FEARR a chruthú, trí ghlacadh le dea-chleachtas i bhforbairt idirnáisiúnta spásúil agus gheilleagrach; IOMAÍOCHAS a bhaint amach trí chistiú AE agus státchiste a bharrfheabhsú agus trí láidreachtaí ár ‘n-áite’ a shaothrú trí CHOMHOIBRIÚ. Is féidir leis an LECP, agus ba cheart dó, teacht leis an bhfís seo agus cur léi trí chomhfhorbairt áite chomhoibritheach agus ionchuimsitheach a chumasú agus a chur chun cinn, lena mbuntacaíonn comhoibriú trasearnála, ilpháirtí leasmhair, spásúil agus idirdhlínsiúil. I gcleachtas, tugann seo le fios go ndéantar ár spriocanna ardleibhéil agus a gcuspóirí agus a ngníomhartha straitéiseacha gaolmhara, maidir le forbairt gheilleagrach agus pobail, a chomhneartú agus a scagadh ó thaobh cúrsaí timpeallachta de. Cuireann ailíniú in iúl chomh maith go n-oibríonn ár bpáirtithe leasmhara de chuid an LECP go comhoibritheach trí phróisis chomhpháirtíochta, lena mbuntacaíonn prionsabail na comhfhobartha. Seo a leanas na cúig uaimhian bhorrtha a chuirtear i láthair san LECP:

- a. Réigiún beoga - geilleagar agus fostaíocht;
- b. Réigiún nádúrtha - timpeallacht;
- c. Réigiún ceangailte;
- d. Réigiún ionchuimsitheach - caighdeán na beatha; agus
- e. Réigiún cumasaithe - bonneagar.

Fíor 5: Cúig Uaillmhian Bhorrtha RSES an Tuaiscirt agus an Iarthair.



Uaillmhianta Borrtha	Príomhlimistéir Ghnímh
Réigiún beoga	Leibhéal scileanna
	Aschur oideachais agus taighde na hearnála tríú leibhéal
	Deiseanna a bhaineann le Conair Gheilleagrach an Atlantaigh agus Slí an Atlantaigh Fhiáin
	Comhoibriú agus braisliú earnála
	Fiontair agus nuálaíocht dhúchasach - go háirithe sa turasóireacht
	Fuinneamh in-athnuaite agus todhchaí ísealcharbóin
	Agraibhia agus an bithgheilleagar
	An geilleagar muirí agus gorm
	TFC agus Teicneolaíocht an Leighis
	Beogacht agus soláthar miondíola i lár an bhaile
Réigiún nádúrtha	An comhshaol agus an oidhreacht
	Tírdhreach
	Oidhreacht nádúrtha
	Oidhreacht chultúrtha
	Oidhreacht thógtha, ailtireachta agus seandálaíochta
	Líonraí nádúrtha (glasbhealaí san áireamh)
Réigiún ceangailte	Foraoiseacht agus coillearnach
	Iompar - bóthar, iarnród, bus, air agus muirí
	Taisteal inbhuanaithe agus gníomhach
	Áiteanna ceangailte (áiteanna fíorúla san áireamh) agus bonneagar digiteach
	Iompar tuaithe
	Pleananna iompair áitiúil (LPTanna)
Réigiún ionchuimsitheach	Réigiún cliste
	Borradh ionchuimsitheach
	Caighdeán na beatha
	Tithíocht
	Tallann
	Dul i ngleic le díothacht
	Áiteanna sláintiúla
	Áiteanna aoisbháúla
Cúram leanaí, oideachas agus foghlaim ar feadh an tsaoil	
Réigiún cumasaithe	Bonneagar
	Eangach leictreachais
	Líonraí gáis

Tábla 1: Uaillmhianta Borrtha agus Limistéir Ghníomhaíochta an RSES

Cuirtear i láthair sa tábla seo thuas léargas ginearálta ar na huairmhianta borrtha seo agus ar a bpríomhlíonmhaíochtaí ghníomhaíochta ghaolmhara. Cuireann iad seo treoir ar fáil do pháirtithe leasmhara chun cuspóirí agus gníomhartha straitéiseacha LECP Chontae Mhaigh Eo a sholáthar.

Déanann na limistéir ghníomhaíochta seo ceangal leo siúd atá curtha san áireamh in LECP Chontae Mhaigh Eo, agus cuirtear creat ar fáil san LECP do rannpháirteachas agus comhoibriú le páirtithe leasmhara – go spásúil agus ar bhonn earnála.

De réir an RSES, baineann baint amach na n-uaillmhianta seo le comhfhorbairt áite, ina dtugtar an sainmhíniú seo a leanas air:

Is éard a bhaineann leis an gcur chuige “áitbhunaithe” nua ná iarrachtaí chun an acmhainn gheilleagrach a shaothrú nár úsáideadh go dtí seo agus nach féidir le gníomhaireachtaí seachtracha a shainaithint, chun gur féidir le gach cuid de réigiúin, bíodh cathracha, bailte nó a gcúlchríocha tuaithe i gceist leo, cur le forbairt náisiúnta. Ó pheirspictíocht forbartha fiontraíochta, tá príomhbhaint ag infheistíocht in ‘áit’ a chruthú chun acmhainn réigiúnach a thuiscint” (an RSES, leathanach 37).

Aithnítear sa chur chuige seo an tábhacht a bhaineann le cur chuige difreáilte agus le hionchur áitiúil – ar aon dul le gnéithe, sócmhainní, riachtanais agus féidearthacht áitiúil. Trí ghníomhaithe ar leibhéal áitiúil a thabhairt le chéile trí phróisis chomhpháirtíochta, chun creat comhoibritheach a cheapadh, is féidir leis an LECP a chur ar chumas páirtithe leasmhara éagsúlacht áitiúil a shainaithint, a thabhairt chun solais, a mholadh agus a cheiliúradh agus comhoibriú a chur chun cinn. Is féidir leis, ar an ábhar sin, tacú le forbairt áitiúil faoi stiúir an phobail, a chinntiú go gcuirtear cur chuige sráidbhaile chliste agus réigiúnach cliste i bhfeidhm agus timpeallacht a chothú inar féidir le hinfeistíocht fás agus inar féidir forbairt gheilleagrach a chothú. Go sonrach, is féidir leis an LECP a chinntiú go gcuireann páirtithe leasmhara gníomhartha straitéiseacha chun cinn ar leibhéal chontae agus fochontae ina léirítear ‘na príomhghnéithe gnó’ a chuirtear in iúl san RSES maidir leis an ngaol idir comhfhorbairt áite agus forbairt gheilleagrach. Áirítear leo seo an méid seo a leanas, ach níl sé teoranta dó:

- Ionaid dhlútha uirbeacha agus láir bheoga bhaile a fhorbairt;



- Nascacht agus rochtain (fisiciúil agus fíorúil) a fhorbairt;
- Gréasán iompair phoiblí chomhtháite iomaíocha agus chliste;
- Bonneagar den chéad scoth a chothú;
- Scileanna, taighde agus nuálaíocht a fheabhsú;
- Réitigh chuí réadmhaoine a sholáthar;
- Comhlonnú agus braisliú dinimiciúil; agus
- Caighdeán na beatha a fheabhsú, toisí sóisialta, cultúrtha agus teangeolaíochta a shaothrú san áireamh

Tá inbhuanaitheacht gheilleagrach agus phobail agus chomhshaoil i gceist agus bainteach go smior leis na hocht bpríomhghné gnó seo ar leibhéal chontae agus fochontae, agus is féidir iad a léiriú san LECP i spriocanna agus cuspóirí ardleibhéal, ar aon dul le réadúlacht áitiúil agus le peirspictíochtaí páirtithe leasmhara.

Mar chuid dá chreat pleanála, leagtar trí chuspóir beartais pleanála spásúlachta uileghabhálacha dhéag amach san RSES. Pléann na chéad trí chuspóir le forbairt dhlúth agus inbhuanaithe uirbeach, an úsáid is fearr a bhaint as talamh/foirgnimh agus borradh a thuartar a thiocfaidh ar an daonra a dháileadh. Tá cuspóirí 4-7 an-bhainteach le hábhar i gcomhthéacs Chontae Mhaigh Eo, nuair a chuirtear san áireamh gur cheantair thuithe go mór mór atá sa chontae; déantar soláthar iontu do bhailte agus sráidbhailte beaga a athghiniúint agus a athnuachan, bonneagar glas ardchaighdeán a fhorbairt, déileáil le folúntas agus a chur ar chumas údarás áitiúil suíomhanna dá gcuirtear seirbhís ar fáil a fhorbairt. Tugtar an lámh in uachtar i gCuspóirí 8 go 11 do bhreithnithe; déileálann iad seo le héifeachtúlacht fuinnimh, suíomhanna ardchaighdeán a roghnú agus bainistíocht riosca i gcás tuilte. Baineann Cuspóir 12 go sonrach leis an nGaeltacht agus baineann sé go mór, ar an ábhar sin, le LECP Chontae Mhaigh Eo. Tagraítear ann do líonraí sóisialaithe a chothú agus a fhorbairt i gcomhthéacs tacú leis an nGaeilge. Tagraítear i gCuspóir Beartais 13 do ról bailte níos lú agus meánmhéide a neartú agus dá dtábhacht i dtaobh soláthar seirbhíse agus fostaíochta.

Baineann cuspóirí an RSES maidir le Crios Uirbeach na Gaillimhe le Contae Mhaigh Eo, agus le deisceart an chontae ach go háirithe, agus samhlaítear comhoibriú idir údaráis áitiúla agus páirtithe leasmhara eile san RSES, chun go bhfeidhmíonn Mórcheantar na Gaillimhe mar rogha mhalartach ar Mhórcheantar Bhaile Átha Cliath. Baineann na ról a bheartaítear do Shligeach, mar thiománaí an bhorrtha réigiúnaigh, le Contae Mhaigh Eo freisin, go háirithe maidir le tuaisceart agus le hoirthear an chontae, agus luaitear san RSES an tábhacht a bhaineann le comhéadain idir Sligeach agus Béal an Átha.

Ar aon dul leis an ordlathas spásúlachta a leagtar amach san NPF, sainithnítear roinnt príomhbhailte san RSES. Áirítear leo seo Béal an Átha agus Caisleán an Bharraigh. Is é an sainmhíniú a thugtar ar phríomhbhailte 'ionaid fostaíochta atá straitéiseach ó thaobh cúrsaí réigiúnacha de ar scála suntasach ar féidir leo gníomhú mar bhailte réigiúnacha a chuireann agus a thacaíonn leis na limistéir ardoird laistigh den ordlathas lonnaithe (i.e. ionaid fáis réigiúnacha agus Ceantar Uirbeach na Gaillimhe). Meastar gur féidir leo freastal ar leibhéal suntasach daonra agus borrtá ar an daonra, trí infheistíocht chuig i mbonneagar, seirbhísí tacaíochta agus tionscnaimh chomhfhorbartha áite. Leagtar amach san RSES na príomhthosaíochtaí seo a leanas do Béal an Átha agus do Chaisleán an Bharraigh:

### **Béal an Átha**

- Cur lena bhonn láidir fiontraíochta agus bonneagrach;
- Acmhainn turasóireacht a fhairsingiú;
- Croí agus limistéar cois abhann an bhaile a athghiniúint;
- Glacadh le spásanna a mbaintear tearcúsáid astu a chur chun cinn agus tacú leis;
- Nascacht ar bóthar agus ar iarnród a fheabhsú; agus
- Tacú lena ról mar an bpríomhthiománaí geilleagrach go háitiúil agus ar fud an réigiúin.

### **Caisleán an Bharraigh**

- Tacú lena ról, anuas ar Chathair na Mart, mar phríomhthiománaí geilleagrach áitiúil agus réigiúnach;
- Cur lena bhonn láidir fiontraíochta agus bonneagrach;
- Tacú le forbairt leanúnach ar bhunáit/champas ATU;
- Acmhainn spáis thionsclaíoch agus teicneolaíochta a úsáid agus a fhairsingiú;
- Bonneagar taistil ghníomhaigh agus áineasa a fheabhsú;
- Athghiniúint chroí an bhaile; agus
- Nascacht ar bóthar agus ar iarnród a fheabhsú.



Fíor 6: An tOrdlathas Pleanála Náisiúnta – Náisiúnta, Réigiúnach agus Áitiúil

Saináithnítear an tríú baile is mó, Cathair na Mart, i measc ‘áiteanna eile ag a bhfuil acmhainn straitéiseach’ sa réigiún, agus luaitear san RSES gur fearr a bhaintear a acmhainn forbartha réigiúnaí straitéisí amach trí chur leis na naisc reatha gheilleagracha, shóisialta agus tráchtála le Caisleán an Bharraigh. Príomhnóid iad gach ceann de na trí bhaile i gContae Mhaigh Eo ar Chonair Gheilleagrach an Atlantaigh.

Luaitear san RSES tábhacht Aerfort Iarthar na hÉireann (Cnoc Mhuire) mar áit a mheallann daoine agus infheistíocht – ar scála idir-réigiúnach. Cuirtear trí chuspóir beartais réigiúnacha in iúl ann ina leith seo – a dhíríonn ar Chrios Forbartha Straitéisí (SDG) Chnoc Mhuire a fhairsingiú.

Déantar an NPF agus an RSES a oibríochtú i bPlean Forbartha Chontae Mhaigh Eo (2022-2028) reatha ar leibhéal chontae agus cheantair áitiúil. Dearbhaítear sa phlean go mbeartaítear tacú le ‘síolta’ a chur chun fás a spreagadh ar fud an chontae. Seo a leanas an fhís a chuirtear in iúl ann:

“Contae inbhuanaithe agus iomaíoch a chruthú a thacaíonn le sláinte agus folláine mhuintir Mhaigh Eo, ina soláthraítear ceann scríbe mealltach mar áit le cónaí ann, le hinfheistiú ann, le gnó a dhéanamh ann agus le cuairt a thabhairt air, a chuireann deiseanna ardchaighdeán fostaíochta agus oideachais ar fáil laistigh de phobail láidre agus bheoga, agus a chinntíonn go n-aistrítear chuig contae ísealcharbóin agus atá seasmhach ó thaobh na haeráide a thacaíonn le cáilíocht timpeallachta.”

Cé go mbaineann gach gné den CDP leis an LECP a chur le chéile agus a sholáthar, déantar na forálacha is mó atá bainteach maidir le forbairt gheilleagrach agus pobail a chomhtháthú sa téacs seo a leanas.

Samhlaítear sa Phlean Forbartha Contae tacú le forbairt gheilleagrach trí athléimneacht fhiontair an chontae a mhéadú agus tallann agus nuálaíocht a fheabhsú, agus poist inbhuanaithe a chruthú agus caighdeán mhaireachtála a fheabhsú do chách, dá bharr. Samhlaítear sa phlean freisin pobail a fhorbairt agus tacú leo go mbeidh siad beoga agus go mbeidh ardchaighdeán maireachtála iontu – lena mbuntacaíonn réimse fairsing áiseanna agus taitneamhachtaí sóisialta, sláinte agus oideachais a sholáthar, atá oiriúnach do dhaoine ar gach aois agus a bhfuil gach riachtanas acu. Leagtar amach ann sé théama chomónta, a chuireann eolas ar fáil do chur chuige Chomhairle Contae Mhaigh Eo i leith sholáthar an phlean agus a mhúnlaíonn é agus a thacaíonn leis. Is iad seo: pobail inbhuanaithe; comhforbairt áite; ionchuimsiú sóisialta; athghiniúint; bonneagar glas; agus gníomhú ar son na haeráide. Sainithnítear sa CDP cúig thiománaí gheilleagracha straitéiseacha laistigh de Chontae Mhaigh Eo, is é sin:

- Conair Chríos an Chósta;
- Conair Gheilleagrach an Atlantaigh;
- Aerfort Iarthar na hÉireann, Cnoc Mhuire (IWAK) agus an Chríos Forbartha Straitéisí (SDZ);
- Braislí Fáis – Caisleán an Bharraigh-Cathair na Mart; Béal an Átha agus a dhobharcheantar; agus Baile an Róba-Béal Átha hAmhnais-Clár Chlainne Mhuiris; agus
- Oibriú Níos Cliste – leas a bhaint as digitiú.

Maidir le forbairt pobail, tagraítear sa CDP do thionscnaimh, cur chuige agus struchtúir atá ann cheana féin, an Pobal Feasta, an PPN, 'Mórtas Ceantair', cuideachtaí forbartha áitiúla, ionaid acmhainní teaghlaigh, roinnt eagraíochtaí neamhrialtasacha (NGOanna) agus struchtúir chomhoibritheacha san áireamh. Cuirtear dhá bheartas forbartha pobail uileghabhálacha in iúl ann, is é sin:

- tacú le cumasú agus acmhainní a fhorbairt i bpobail agus tacú le rannpháirtíocht i dtionscnaimh forbartha pobail; agus
- Diaspóra Mhaigh Eo ar fud an domhain a aithint agus tacú leis trí Straitéis Diaspóra Mhaigh Eo a chur i bhfeidhm.

Tugtar cuntas freisin sa CDP beartais agus cuspóirí sonracha maidir leis seo a leanas:

- Saoráidí pobail agus bonneagar sóisialta;
- Ionchuímsiú sóisialta;
- Sláinte agus folláine;
- Áiseanna áineasa;
- Oideachas, oiliúint agus scileanna;
- Na healaíona agus leabharlanna;
- Na hoileáin agus an Ghaeltacht;

Tá trí phlean ceantair áitiúil don tréimhse 2023-2029 á dtabhairt chun críche ag Comhairle Contae Mhaigh Eo faoi láthair, do bhailte Chaisleán an Bharraigh, Bhéal an Átha, Chathair na Mart agus dá bpurláin. Rinneadh pleananna ceantair áitiúil (Baile an Róba, Béal Átha hAmhnais, Baile Chathail, Clár Chlainne Mhuiris, Aerfort Iarthar na hÉireann, Cnoc Mhuire, Coillte Mach, Cnoc Mhuire, an Mhala Raithní agus Béal Átha na Muice) a chuimsiú anois isteach sa Phlean Forbartha Contae (2022-2028).

Ar aon dul leis na creataí thuasluaite spásúlachta uileghabhálacha náisiúnta agus réigiúnacha, luaitear i mbeartais earnála maidir le forbairt tuaithe, saorálaíochas, an geilleagar sóisialta, talmhaíocht agus turasóireacht, i measc rudaí eile, na riachtanais a bhaineann leis an éigeandáil aeráide agus an gá atá le gníomhartha straitéiseacha combheartaithe ón mbun aníos agus ón mbarr anuas le hathrú aeráide a fheabhsú agus a mhaolú. Tugtar le fios sna gníomhartha siúd infheistíocht a mhéadú in iompar poiblí agus i dtaisteal gníomhach, modhanna níos inbhuanaithe de tháirgeadh bia a spreagadh, bia-aistir a laghdú, stop a chur le cailteanas bithéagsúlachta agus gnáthóga nádúrtha a chosaint agus a athchóiriú. Teastaíonn na hiarrachtaí seo agus cinn eile i gcomhthéacs na UNSDGanna, agus cuireann siad deiseanna ar fáil chomh maith d'éagsúlú geilleagrach agus do chaighdeán níos fearr beatha do phobail. Ag an am céanna, áfach, luaigh an AE go comhsheasmhach an gá atá le bearta spriocdhírthe chun tacú le pobail tuaithe agus le teaghlach ísealioncaim, chun go bhfuil an t-aistriú chuig sochaí iarcharbóin cóir agus cothrom.

D'fhéadfadh LECP Chontae Mhaigh Eo (2024-2030) luach a chur le, agus cur le Plean Fiontraíochta Réigiún an Iarthair (2022-2024) agus le pleananna fiontraíochta réigiúnaí ina dhiaidh sin. Leagtar amach seacht gcuspóir straitéiseacha sa leagan reatha:

- Forbairt an éiceachórais réigiúnaigh fiontraíochta agus nuálaíochta a chur chun cinn;
- An earnáil chultúrtha agus chruthaitheach a neartú agus a shaothrú chun deiseanna infheistíochta, tráchtálaithe, agus comhoibrithe nua a mhealladh;

- Acmhainn Réigiún an Atlantaigh Thiar a fhíorú le haghaidh fiontraíochta agus cruthú post san earnáil fuinnimh in-athnuaite;
- Iomaíochas domhanda na hearnála eolaíochtaí beatha a chur chun cinn lena mbuntacaíonn lorg coise agus comhordú fairsingithe réigiúnach;
- Na hearnálacha teicneolaíochta talmhaíochta agus bia a fhás san Iarthar, lena mbuntacaíonn líonra comhtháite nuálaíochta, a éascaíonn an t-aistriú i dtreo bithgheilleagar inbhuanaithe;
- Ionchais le haghaidh fiontraíocht, fostaíocht agus uasoiliúint inbhuanaithe i dturasóireacht a fhairsingiú; agus
- Aistriú cothrom digiteach agus claochlú glas san Iarthar a éascú.

Baineann Plean Straitéiseach Údarás na Gaeltachta (2021-2025) le pobail in Iorras, Acaill agus Maigh Eo Theas. Baineann croíthéamaí an phlean leis an méid seo a leanas:

- Cumasú: Deiseanna agus acmhainní a sholáthar do dhaoine aonair, do phobail agus do ghnólachtaí chun forbairt agus dul chun cinn a dhéanamh;
- Neartú: An bonneagar daonna, teangeolaíochta, cultúrtha, geilleagrach agus pobail sa Ghaeltacht a neartú agus tacú leis
- Cothú: Tacú le forbairt ceantair Ghaeltachta ar bhealach atá inbhuanaithe agus freagrúil don timpeallacht chultúrtha, gheilleagrach agus chomhshaoil ina mairimid.

Tá straitéis forbartha fiontair shóisialta á cur i bhfeidhm freisin ag Údarás na Gaeltachta, a fhéachann le deiseanna fiontair shóisialta a chur chun cinn i bpobail Ghaeltachta. Luaitear ann an ról ar féidir le fiontair shóisialta a ghlacadh chun bearnaí soláthair seirbhíse a líonadh, bonneagar a fheabhsú agus cáilíocht chomhshaoil a fheabhsú.

Tá pleananna Gaeilge ar leibhéal áitiúil á gcur i bhfeidhm i bpobail Ghaeltachta Chontae Mhaigh Eo agus i mBéal an Mhuirthead, ar Baile Seirbhíse Gaeltachta ainmnithe é.

Tá roinnt beartas agus clár i bhfeidhm ar leibhéal AE agus náisiúnta chun tacú le cohóirt daonra ar leith, daoine óga, iad siúd faoi mhíchumas, imircigh agus daoine breacaosta san áireamh, a mbaineann gach ceann díobh le LECP Mhaigh Eo. Léirítear roinnt díobh cheana féin in, agus bronntar éifeacht orthu trí, straitéisí agus tionscnaimh ar leibhéal áitiúil i gContae Mhaigh Eo, an Straitéis Aoisbhá, an Plean Coistí Seirbhísí do Leanaí agus Daoine Óga agus an Straitéis um Imeachadh Imirceach san áireamh. Tá na straitéisí seo an-bhainteach i gcomhthéacs dhéimeagrafaic

Chontae Mhaigh Eo faoi láthair agus atá ag teacht chun cinn, agus is ionann agus gnéithe tábhachtacha iad de chur chuige comhbheartaithe lena chinntiú go gcomhlíontar Cairt um Chearta Bunúsacha an AE.

Bronntar éifeacht i Straitéis Aoisbhá Mhaigh Eo Straitéis 2022-2026, ar an Straitéis Náisiúnta um Aosú Dearfach agus cuirtear an straitéis san áireamh inti. Is í a haidhm uileghabhálach gníomhú mar ghlór éifeachtach comhordaithe do agus le daoine breacaosta chun tacaíochtaí, gníomhartha agus cur chun cinn na cumarsáide idir daoine breacaosta agus seirbhísí a chur chun cinn. Seo a leanas na cuspóirí gaolmhara:

- An réimse tacaíochtaí atá ar fáil do dhaoine breacaosta a chur in iúl agus eolas a sholáthar dóibh;
- Comhoibriú le agus idir daoine breacaosta, seirbhísí agus pobail i gContae Mhaigh Eo a spreagadh;
- Leanúint le tacaíochtaí a fhorbairt agus a fhairsingiú lena chinntiú go bhfuil daoine breacaosta rannpháirteach agus go bhfuil an cumas acu a riachtanais, a réitigh agus a bhfís féin do Chontae Mhaigh Eo a chur in iúl;
- Le dea-chleachtas a chothú i dtacú lenár ndaoine breacaosta agus le tacaíochtaí agus soláthar seirbhíse ardchaighdeáin a chur chun cinn ar fud Chontae Mhaigh Eo; agus
- Le héagsúlacht daoine breacaosta a aithint agus a bheith tiomanta do Chontae Mhaigh Eo a chur chun cinn mar áit ionchuimsitheach le dul in aois ann.

Tá Plean Coistí Seirbhísí do Leanaí agus Daoine Óga (CYPSC) Mhaigh Eo le hathnuachan agus tá an CYPSC ag oibriú idir an dá linn i dtreo na spriocanna a bhaint a leagtar amach i mbeartas náisiúnta na hÉireann – Torthaí Níos Fearr, Todhchaí Níos Gile.

Is iad CYPSC Mhaigh Eo agus LCDC Mhaigh na snáitheanna is mó de Phlean Straitéiseach Mhaigh Eo Shláintiúil (2020-2023), mar chuid d'iarracht náisiúnta Éire Shláintiúil chun feabhsú torthaí sláinte agus folláine do chách a chur chun cinn. Tá gníomhartha á dtabhairt isteach a dhéanann stíleanna maireachtála sláintiúla a chur chun cinn agus a sholáthraíonn tacaíochtaí saincheaptha do chohóirt agus do phobail ar leith.

Tá mar chuspóir ag Straitéis agus Plean Gníomhaíochta um Imeachadh Imirceach Mhaigh Eo 2022-2026 tacú le hionchuimsiú daoine ó mhionlaigh eitneacha agus ó phobail nua a chónaíonn, a oibríonn, nó a bhfuil staidéar á dhéanamh acu i gContae Mhaigh Eo. Tá cúig limistéar straitéiseacha dhéag sa straitéis, a chnuasaítear i measc na gcúig sprioc seo a leanas: rochtain ar sheirbhísí poiblí a fheabhsú; feasacht a

mhúscailt ar an deis chun comhoibriú; deiseanna fostaíochta a fheabhsú; deiseanna oideachais a fheabhsú; agus córais chumarsáide le soláthraithe cóiríochta a fheabhsú.

I gcaitheamh an LECP (2023-2029), leanfaidh eagraíochtaí leis na straitéisí seo a chur i bhfeidhm, agus déanfar athbhreithniú agus athnuachan ar roinnt díobh laistigh den amfhráma seo. Soláthróidh a n-athnuachan deiseanna chun comhlántacht a uasmhéadú agus cuspóirí straitéiseacha a ailíniú lena chéile agus maidir leis na tosaíochtaí a dtugann Coimisiún na hÉireann um Chearta an Duine agus Comhionannas cuntas orthu, is é sin, comhionannas geilleagrach; ceartas; meas agus aitheantas agus féachaint chuige go seasfaidh na tosaíochtaí an aimsir. Ba cheart go dtacódh cur i bhfeidhm leanúnach na straitéisí seo, na straitéisí ina dhiaidh seo agus tionscnamh eile, chomh maith le cleachtais agus le cur chuige i measc soláthraithe seirbhíse, le prionsabail Chód na hEarnála Poiblí - meas a léiriú ar chearta agus ar chomhionannas daonna, agus a chinntiú go ndéanann gach seirbhís phoiblí:

- Idirdhealú a stopadh;
- A chinntiú go gcaitear go cothrom agus go comhionann le húsáideoirí seirbhíse agus leis an bhfoireann; agus
- Cearta daonna foirne agus daoine a úsáideann seirbhísí poiblí a chosaint agus meas a léiriú orthu.

I measc na mbeartas, na straitéisí agus na gcreataí áitiúla eile reatha agus atá ag teacht chun cinn a bhaineann freisin leis an LECP a chur le chéile agus a sholáthar, tá:

- Straitéis Forbartha Geilleagraí Mhaigh Eo 2040;
- Straitéis Dhigiteach do Chontae Mhaigh Eo 2021-2024;
- Straitéis Cultúir agus Cruthaitheachta Mhaigh Eo 2018-2022;
- Plean Oidhreachta Chontae Mhaigh Eo (an bhithéagsúlacht san áireamh) 2020-2025;
- Straitéis Bia agus Deochanna Mhaigh Eo 2020-2025;
- Straitéis Dhigiteach do Chontae Mhaigh Eo 2021-2024;
- Plean Straitéiseach Chomhchoiste Póilíneachta Mhaigh Eo 2022-2027;
- An Straitéis Cultúir agus Cruthaitheachta 2018-2022;
- Ráiteas Straitéise Bhord Oideachais agus Oiliúna Mhaigh Eo, Shligigh agus Liatroma (2018-2022 agus an straitéis a bheidh ag teacht aníos);
- Straitéis Cultúir agus Cruthaitheachta Mhaigh Eo 2023-2027;
- Plean Forbartha Leabharlainne Chontae Mhaigh Eo 2021-2025;
- Straitéis Forbartha Áitiúil Mhaigh Eo (2023-2027);
- Clár Gníomhachtaithe Ionchuimsithe Shóisialta agus Pobail Mhaigh Eo (2018-2023 agus an clár a bheidh ag teacht aníos);
- Mayo + (agus an clár a bheidh ag teacht aníos);



Is féidir le soláthar comhordaithe na straitéisí seo agus na straitéisí ina dhiaidh seo, lena dtacaíonn meicníochtaí an LECP, rochtain níos fearr uilíoch ar sheirbhísí agus ar thacaíochtaí agus an bhochtaineacht agus an t-eisiamh a dhíothú a chinntiú, agus bronnann sin éifeacht, leis sin, ar Chairt um Chearta Bunúsacha na hEorpa. Ar a bharr sin, soláthraítear san LECP meicníochtaí tacúla ina ndéantar acmhainní inghiniúla agus eisiginiúla a chruthú agus trína gcothaímid faisnéis a roinnt agus líonrú chun go ndéantar dea-chleachtais a chur chun cinn agus a phríomhshruthú – ar aon dul le UNSDG 17.

Tá Plean um Ghníomhú ar son na hAeráide á ullmhú faoi láthair ag Comhairle Contae Mhaigh Eo. Tá céim dhéanta an phlean ar bun faoi láthair, agus tá an plean le cur faoi bhráid na mball tofa i bhFeabhra 2024. Bheartaigh Comhairle Contae Mhaigh Eo an dréachtleagan seo a leanas ina pháipéar saincheisteanna, chun eolas a chur ar fáil d'fhorbairt an phlean: A bheith ina chontae atá seasmhach ó thaobh na haeráide, atá saibhir ó thaobh na bithéagsúlachta agus atá neodrach ó thaobh carbóin tráth nach déanaí ná deireadh 2050.

**Plean Áitiúil  
Eacnamaíochta  
agus Pobail  
Mhaigh Eo  
2023-29:**

**Próifíl Shocheacnamaíoch**

D'ullmhaigh People and Place Ltd. an phróifíl shocheacnamaíoch achomair seo thar ceann Chomhairle Contae Mhaigh Eo agus Choiste Forbartha Pobail Áitiúil Mhaigh Eo. Is é príomhchuspóir na próifíle roinnt den bhonn fianaise a sholáthar a chuirfidh eolas ar fáil do Phlean Áitiúil Eacnamaíochta agus Pobail Mhaigh Eo (LECP) don tréimhse 2023-2029. Ar a bharr sin, is féidir le Comhairle Contae Mhaigh Eo agus le heagraíochtaí eile, le daoine agus leis an earnáil phríobháideach an phróifíl seo a úsáid do shraith i bhfad níos fairsinge feidhmeanna.

Tá an phróifíl achomair bunaithe ar réimse príomhfhíricí a léirítear trí shraith léarscáileanna agus grafaicí. Cuirtear na sonraí sa phróifíl achomair seo i láthair faoi na teidil seo a leanas, agus cé go bhfuil na téamaí seo discréideach, tá siad fite fuaite ina chéile agus déanann siad go leor idirghníomhú lena chéile:

- Déimeagrafaic;
- Táscairí Sóisialta;
- Oideachas;
- An Geilleagar;
- Sláinte;
- Tithíocht;
- An Comhshaol; agus
- Talmhaíocht.

## Príomhfhíricí


- I dtaobh a achair dromchla (5,588 km<sup>2</sup>), is í Maigh Eo an tríú contae is mó in Éirinn, agus tá an t-imeallbhord is faide in Éirinn sa chontae (1,168 km), nó thart ar 21% d'imeallbhord an stáit iomláin. Tá thart ar 100 oileán amach ó chósta Chontae Mhaigh Eo, arb í Acaill (148km<sup>2</sup>) an t-oileán is mó amach ón gcósta in Éirinn.
- De réir an Daonáirimh is déanaí (2022), tá daonra 137,970 duine ag cónaí i gContae Mhaigh Eo. Is é an dlús daonra atá ann 24.6 daoine in aghaidh an chiliméadair chearnaigh – an dara dlús is ísle i ndiaidh Liatroma i measc chontaetha na hÉireann. Contae tuaithe, den chuid is mó, í Maigh Eo, agus cé go bhfuil fás ag teacht ar an daonra sna príomhionaid daonra (Caisleán an Bharraigh agus a phurláin ina measc siúd is suntasaí) le blianta beaga anuas, cónaíonn formhór dhaonra an chontae i mbailte níos lú, sráidbhailte agus faoin tuath.
- Cé gur tugadh méadú foriomlán daonra faoi deara i gContae Mhaigh Eo le roinnt blianta anuas, ní léir an méadú seo evident ar fud an chontae, agus dúshlán atá i ndídháonrú i roinnt pobal i gcónaí. Tugann na sonraí a

chuirtear i láthair anseo, cé gur lean Ais Chaisleán an Bharraigh-Chathair na Mart agus codanna de Mhaigh Eo Theas (a n-imríonn Crios Uirbeach na Gaillimhe tionchar orthu) leibhéal de bheogacht dhéimeagrafach a bhaint amach, tá laigí seasmhacha struchtúracha i bhformhór na coda eile den chontae a bhaineann le ganntanas bonneagair agus le soláthar lag seirbhíse agus le haosú an daonra agus le himirce isteach.

- I dtaobh náisiúntachta agus eitneachta, tá Contae Mhaigh Eo níos aonchineálaí ná formhór na gcontaetha Éireannacha eile, ach tá méadú ag teacht ar an éagsúlacht. Tá daoine atá ag teacht ón Úcráin, a bhfuil go leor díobh ag oibriú anois sa chontae agus ag cur leis an saol cathartha ann, á bhfáiltiú agus á n-óstáil ag pobail ar fud an chontae le bliain anuas. Tá laghdú tagtha ar chóiríocht do thurasóirí de bharr an ghá le lóistín a sholáthar do dhídeanaithe, mar sin féin.
- Tugtar le fios in Innéacs Rachmais agus Díothachta HP Pobal, ina ndéantar measúnú ilchodach ar láidreachtaí geilleagracha agus sóisialta áiteanna, go bhfuil Contae Mhaigh Eo faoi mhíbhuntáiste, agus gur measa an míbhuntáiste i dtuaisceart agus in iarthar an chontae. Tá an patrún spásúlachta seo á thabhairt faoi deara ó tháinig Innéacs HP Pobal chun solais an chéad uair. Is léir míbhuntáiste tuaithe ó ghlúin go glúin i gContae Mhaigh Eo, ar an gcaoi sin.
- Tá leibhéal níos ísle de ghnóthachtáil oideachais i Maigh Eo i measc a daonra cónaitheoirí ná mar atá ag daonra an Stáit ina iomláine, agus tugtar leibhéal níos ísle de ghnóthachtáil oideachais faoi deara go ginearálta nuair atá tuaitheacht agus próifíl seanaoise i gceist. Cuireadh idirghabháil i bhfeidhm i mbunscoileanna agus i meánscoileanna le blianta beaga anuas chun dul i ngleic le míbhuntáiste oideachasúil, agus tá an chomhréir is mó d'acmhainní spriocdhírthe i gcomparáid le haon limistéar údaráis áitiúil lasmuigh de Chathair Bhaile Átha Cliath, Cathair Chorcaí agus Contae Dhún na nGall á fáil ag Contae Mhaigh Eo.
- Tá íseal-leibhéal rannpháirtíochta sa lucht saothair agus sa lucht oibre mar shaintréith ag geilleagar an chontae – i gcomparáid le contaetha eile. Is ionann gnóthais dhúchasacha ar scála beag agus formhór mór na ngnóthas agus is iad a sholáthraíonn an chuid is mó de na poist sa chontae. Tá íseal-leibhéal d'infheistíocht eachtrach dhíreach in aghaidh an duine i gContae Mhaigh Eo.
- Tugtar le fios i sonraí a bhaineann leis an tsláinte go bhfuil leibhéal níos airde de mhurtall, de stíleanna maireachtála neamhghníomhacha, d'fhéinmharú, d'ailsí fireanna agus de ghalar cardashoithíoch i gContae Mhaigh Eo i gcomparáid leis an gcuid eile den Stát. Tá gnéithe dearfacha sa chontae freisin, tá comhréir níos airde de DGanna (in aghaidh an duine) agus tá

cáilíocht aeir níos fearr ann, ina measc. Is gá ullmhú go leordhóthanach d'aosú breise dhaonra an chontae.

- Tá tithíocht níos inacmhainne i gContae Mhaigh Eo faoi láthair ná mar atá sé i bhformhór na gcontaetha eile. Ba cheart a thabhairt faoi deara, áfach, gurb ísle ioncaim theaghlaigh. Tá an tríú comhréir is airde d'áiteanna cónaithe folmha agus an ceathrú comhréir is airde de thithe saoire nach gcónaítear iontu (mar chomhréir dá stoc tithíochta iomlán) sa chontae i gcomparáid le haon chontae eile in Éirinn.
- Tá sócmhainní an-tábhachtacha comhshaoil sa chontae, agus tá go leor dá thírdhreach agus dá mhúirdhreach agus dá uisce cósta á gcosaint faoi Chreat Natura 2000. Níl nascacht iompair phoiblí láidir, agus laghdaíodh go mór bonneagar iarnróid an chontae sna 1960idí. I measc na dtríocha a haon limistéar údaráis áitiúil in Éirinn, tá an tríú comhréir is mó i gContae Mhaigh Eo de dhramhaíl tí a thugtar chun líonadh talún.
- Fostóir tábhachtach í an talmhaíocht agus gineann sí go leor gníomhaíochtaí coimhdeacha geilleagracha, go háirithe i Maigh Eo Thoir. Is fairsinge í an fheirmeoireacht in iarthar agus i dtuaisceart an chontae, agus tá páirt á ghlacadh ag go leor feirmeoirí i dtionscnaimh feirmeoireachta ar a bhfuil ardluach dúlra, a chuireann le tairiscint turasóireachta Mhaigh Eo.




82.9% ag cónaí i gceantair thuaithe  
17.1% lag cónaí i mbaillte

Uirbeach  
Tuaithe  
Daonra de réir Ceantar Tíreolaíochta\*

**Daonra in 2022**  
**137,970**  
+7,463 (+5.7%) ó 2016  
+7,332 (+5.6%) ó 2011

2.7% den Stát (5.12m)  
An 17ú Daonra is Mó sa Stát



**40.2** Meánaois an Daonra\*



Meastacháin daonra bunaithe ar CDP Mhaigh Eo 22-28



**Na 3 Náisiúntacht is Mó\*** An RA (5,165), Polannach (2,806), AE Eile (2,194)  
**10%** Náisiúnaigh Neamh-Eireannacha

**Daoine a Mhaireann leo Féin\*** 13,676  
**10.7%** den daonra i dTeaghlai Phriobháideacha

**Sláinte Mhaith nó an-Mhaith\*** 112,551  
**86%** den daonra iomlán

**Innéacs Díothachta HP Pobal\*** 24,262  
**18.6%** den daonra ag cónaí i gceantair faoi mhíbhuntáiste

**Teaghlai Phriobháideacha agus Stoc Tithíochta\*** 48,745 Teaghlai, 65,921 Stoc Tithíochta

**Tionacht Tithíochta\*** 73% Úinéir-Áitithe, 14.7% Ar Cíos Phriobháideach, 6.1% Sóisialta ar Cíos

**Saghas Tithíochta\*** 95% Scoite/Leathscote, 4% Árasá(i)n

**Folúntais Tithíochta\*** 13.3% Folúntais Stoc Tithíochta - Daonáireamh 2022

**Praghsanna Díola agus Cíosa** €212,824k Meánphraghas Díola Gach Áitreabh i Maigh Eo in 2023, €864 Meánphraghas Cíosa (PCM) Ráithe 4-2022 Maigh Eo

**Gnóthachtáil Oideachais (Daonra 15+)\*** 16.5% Oideachas Foirmiúil ar Bith/Bunscoile, 15.5% Meánoideachas Sóisearach, 21.3% Meánoideachas Sinsearach, 14.3% Teicniúil/Printíseacht, 27.2% Tríú Leibhéal (Gach Cúrsa)

**Sreafaí Comaitéireachta i gContae Mhaigh Eo\*** Cónaí Ann agus Oibríú Ann 34,890 (69.6% oibrithe cónaithe), Cónaí Ann agus Comaitéireacht Amach 4,948 (9.9% oibrithe cónaithe), Cónaí Amuigh agus Comaitéireacht Isteach 3,479 (9% de na poist áitiúla)

**Modh Taistil\* chun na hOibre** 6% (3,142) Táisteal chun na hOibre, 7.7% (3,873) Táisteal chun na hOibre, 0.8% (412) Táisteal chun na hOibre, 1% (484) Táisteal chun na hOibre, 3.9% (1,995) Táisteal chun na hOibre, 64.6% (32,621) Táisteal chun na hOibre

**Meánam Taistil Comaitéirí\* (chuig an Obair)** 23.3 nóiméad (An 7ú ceann is ísle sa Stát)

**Stádas Geilleagrach - Ag an Obair agus Dífhostaithe\*** 86% Ag an Obair (51,439) % den Lucht Saothair, 14% Dífhostaithe (8,591) % den Lucht Saothair, 10% Míc Léinn (10,493) % den Daonra 15+, 19% ar Scor (20,018) % den Daonra 15+

**Na 3 Earnáil Fostaíochta is Mó\*** Oibrithe Cónaithe (50,123) Obair i Maigh Eo agus Comaitéireacht Amach, Mórdhiol/Miondiol (12,578 nó 25%), TFC (10,464 nó 20.8%), Oideachas/Sláinte Dhaoine (7,188 nó 14.3%)

**Poist Áitiúla (38,369)** Poist laistigh den Chontae, Mórdhiol/Miondiol (11,107 nó 28.9%), Oideachas/Sláinte Dhaoine (8,942 nó 23.3%), Déantúsaíocht (6,429 nó 16.7%)

**Meánioncam Indiúscartha an duine in 2019** (Contae Mhaigh Eo) €18,913 (an 20ú ceann is airde sa Stát)

\* Sonraí foinisithe ó Dhaonáireamh an CSO 2016




**Déimeagrafaic**

Fíor 6: Grafaic Faisnéise Mhaigh Eo


Tá daonra iomlán 137,970 duine (Daonáireamh 2016) i gContae Mhaigh Eo, agus is é an seachtú húdarás áitiúil is mó daonra sa Stát dá bharr. Cé gur tháinig fás beag ar dhaonra an chontae le roinnt blianta anuas, is moille an borradh atá ag teacht ar a fhás i gcomparáid leis an bhfás atá ag teacht ar an Stát. Tháinig méadú díreach beagán de bhreis ar fhiche a ceathair faoin gcéad ar dhaonra Chontae Mhaigh Eo idir 1991 agus 2022, agus tháinig méadú breis agus daichead a sé faoin gcéad ar dhaonra an Stáit sa tréimhse sin. B'airde rátaí fáis i gCaisleán an Bharraigh agus i gCathair na Mart agus timpeall orthu agus i ndeisceart an chontae le tríocha bliain anuas, i gClár Chlainne Mhuiris agus timpeall air san áireamh, i gcomparáid le tuaisceart agus iarthar an chontae.

Tugtar le fios i réamh-mheastacháin dhéimeagrafacha, a d'ullmhaigh an ESRI/an DPHLG do Mheasúnuithe ar Riachtanas agus Éileamh Tithíochta (HNDAanna) a rinneadh le déanaí don tréimhse fiche bliain amach romhainn go dtiocfaidh an leibhéal is ísle d'fhás ar an daonra ar Mhaigh Eo (díreach 2%) i gcomparáid le haon limistéar údaráis áitiúil eile in Éirinn. Cuirtear in iúl sna réamh-mheastacháin, ag an am céanna, gur gá freastal ar dhaonra mór atá ag dul in aois.



Indicator: Local Authority and Municipal District Population, 2022 (CSO Census, 2022)

Is in Ais Chaisleán an Bharraigh-Chathair na Mart agus i gceantair atá ceangailte le Ceantar Uirbeach na Gaillimhe atá na daonraí is tapúla fás agus is óige i gcomparáid le haon chuid eile den chontae. Tá na leibhéil is ísle d'fhás tagtha ar iarthuaisceart an chontae - go háirithe pobail tuaithe in LEA Bhéal an Mhuirthead - agus is iontu atá na próifílí aoise is sine.



Indicator: Population Change 2016 to 2022 by MD, 2022 (Source: CSO)

Indicator: Population Change 2016 to 2022 by Local Authority, 2022 (Source: CSO)



Tá Maigh Eo ar cheann de na contaetha is tuaithe in Éirinn. De réir shaintréitheacht uirbeach-tuaithe an CSO, cónaíonn breis agus tríocha a seacht faoin gcéad de dhaonra Chontae Mhaigh Eo i gceantair ‘an-tuaithe / an-iargúlta’, agus cónaíonn fiche a sé faoin gcéad sa bhreis i gceantair thuaithe ‘ina n-imrítear tionchar measartha uirbeach’. Tá formhór mór na gceantar laistiar de líne ó Chill Ala go Buiríos Umhaill agus Tuar Mhic Éadaigh á rangú mar cheantair an-tuaithe / an-iargúlta, agus is amhlaidh a dhéantar i gcás pobal i Maigh Eo Thoir – lastoir de Bhéal Átha na Muice agus de Chnoc Mhuire. Is forleithne na gnéithe agus na tionchair uirbeacha i lár agus i ndeisceart an chontae agus timpeall ar Bhéal an Átha. Tá struchtúr uirbeach níos láidre i Maigh Eo Theas agus Láir ná mar atá in in iarthar an chontae. Tá fiche a seacht faoin gcéad de dhaonra cónaithe an chontae i mbailte Chaisleán an Bharraigh (13,054), Bhéal an Átha (10,556), Chathair na Mart (6,872), Chlár Chlainne Mhuiris (3,857) agus Bhaile an Róba (3,148). Cé go bhfuil láir bheoga uirbeacha i gClár Chlainne Mhuiris agus i gCathair na Mart, tá brú tagtha ar lár Chaisleán an Bharraigh de bharr páirceanna miondíola agus óstáin lasmuigh de bhaile / cóiríocht do thurasóirí a bheith ag leathadh agus de bharr bruachbhailtiú. Is léir go bhfuil an croí uirbeach á leathadh amach níos déine fiú i mBaile an Róba.

Tá na tairbhí á mbaint de réir a chéile i dturas an ama i mBéal an Átha a chruthaíonn infheistíocht sa ríocht phoiblí, agus tá leas á bhaint le tamall anuas ag Béal an Mhuirthead as a stádas mar Bhaile Seirbhíse Gaeltachta agus as a láthair ar Shlí an Atlantaigh Fhiáin.

## Príomhfhíricí:

- Cuireadh an ceathrú leibhéal is ísle d’fhás ar an daonra i gcomparáid le haon limistéar údaráis áitiúil eile sa Stát i gcuntas i gContae Mhaigh Eo idir 2016 agus 2022; tháinig méadú 5.7% (+7,463) ar dhaonra an chontae, i gcomparáid le 8.1% ar an Stát;
- Tá éagsúlacht shuntasach ann laistigh den chontae i dtaobh beogacht dhéimeagrafach; thit ráta fáis 3% amach i rith na tréimhse idirdhaonáirimh is déanaí (2016-2022) ar Cheantar Bardasach Bhéal an Átha, agus tháinig fás nach mór 7% ar Cheantar Bardasach Chaisleán an Bharraigh;
- Meastar go dtiocfaidh fás níos moille ar dhaonra Chontae Mhaigh Eo sa tréimhse fiche bliain amach romhainn i gcomparáid le haon chontae eile, agus rachaidh an daonra in aois go mór ann, ag an am céanna, agus tuartar go dtiocfaidh méadú suntasach ar an líon daoine 65+ bliain d’aois;

- Contae tuaithe, den chuid is mó, í Maigh Eo, agus tá formhór na gceantar breis agus 10km ó na cúig phríomhbhaile a rangáítear mar bhailte ‘an-tuaithe / an-iargúlta’;
- Cónaíonn beagnach seacht faoin gcéad de dhaonra an chontae sa Ghaeltacht, cé go bhfuil pobail Ghaeltachta scaipthe – in Iorras, Acaill agus Maigh Eo Theas; agus
- Tá daonraí móra oileáin i gContae Mhaigh Eo; is iad na hoileáin is mó daonra Acaill (daonra 2,358); Cliara agus Inis Toirc (daonra 194 le chéile). Tá roinnt oileán ar a gcónaíonn daoine freisin i gCuan Mó agus i gCuan Bhaile Uí Fhiacháin, agus tá pobail bheaga chónaithe ar Inis Bigil agus Acaill Bheag.

### Map Legend

% Population Change, 2016 - 2022


- Decrease
- > 0% to <= 5%
- > 5% to <= 10%
- > 10% to <= 15%
- Greater than 15%

### CDP Settlement Hierarchy


- Key Towns (Tier I a)
- Strategic Growth Towns (Tier I b)
- Self-Sustaining Growth Towns (Tier II & III)
- Key External Settlements

- Mayo County Council
- Municipal District (MD)
- Primary/Trunk Roads
- Other Key Roads
- Railway
- Lakes

Contains Irish Public Sector Data (data.gov.ie) licensed under a Creative Commons Attribution 4.0 International (CC BY 4.0) licence.



Indicator: Electoral Division Population Change Map, 2016 to 2022 (CSO Census, 2022)



Indicator: Population Change 1991 to 2022 by Mayo MD (Source: CSO)

## Táscairí Sóisialta

Tá náisiúntacht eile seachas Éireannach ag beagnach deich faoin gcéad (9.6% nó 12,999) de dhaonra cónaithe Chontae Mhaigh Eo, agus tá daonra an chontae ag éirí níos éagsúla maidir le náisiúntacht agus eitneacht. Tá Béal Átha hAmhnais ar cheann de na bailte is éagsúla ó thaobh eitneachta de in Éirinn; tá náisiúntacht seachas Éireannach ag 43% den daonra ansin. Tá náisiúntacht eile seachas náisiúntacht Éireannach ag thart ar an gceathrú cuid de dhaonra Bhaile an Róba (26.6%) agus Chlár Chlainne Mhuiris (27.1%), agus is é 21.9% an figiúr sin i gCaisleán an Bharraigh.

Is ionann Taistealaithe Éireannacha agus aon faoin gcéad de dhaonra cónaithe Chontae Mhaigh Eo, ach tá an figiúr níos airde i mBéal Átha hAmhnais (3.5%), Béal an Átha (4.4%) agus Baile an Róba (4.3%).

Le dhá bhliain anuas suas go dtí mí Feabhra 2024, chuir beagnach 4,600 duine a tháinig ón Úcráin le bliain anuas le méadú ar éagsúlacht dhaonra Chontae Mhaigh Eo. Tá formhór díobh siúd a tháinig chuig an gcontae, ón Úcráin, ag cónaí i gcoiríocht a d'úsáidí de ghnáth do thurasóirí. Tá na líonta is mó de dhaoine a tháinig go Maigh Eo ón Úcráin lonnaithe in LEAanna Chathair na Mart (1,303) agus Chaisleán an Bharraigh (1,289), agus is ionann anois iad agus 6.5% de dhaonra cónaithe LEA Chathair na Mart agus 4% de dhaonra cónaithe LEA Chaisleán an Bharraigh.



Is scór -3.1 atá ag Contae Mhaigh Eo ar Innéacs Rachmais agus Díothachta HP Pobal, rud a thugann le fios, leis sin, go bhfuil leibhéal níos airde mhbhuntáiste sa chontae ná mar atá ar fud an Stáit (16.9% nó 23,319 duine a bhfuil cónaí orthu i gceantar faoi mhíbhuntáiste). Cuirtear scóir dhiúltacha ar an innéacs i gcuntas i bhformhór na dtoghranna (EDanna) sa chontae, agus is in eastáit tithíochta údaráis áitiúil agus i gcomharsanachtaí eile i gCaisleán an Bharraigh, Béal an Átha, Baile an Róba, Béal Átha hAmhnais agus i mbailte beag eile agus ar fud LEA iomlán Bhéal an Mhuirthead atá na scóir is ísle.

Is ísle an chomhréir de theaghlaigh a bhfuil tuismitheoir aonair i gceannas orthu (17.8%) ná an chomhréir chomhfhreagrach ar fud an Stáit. Is airde na luachanna de ghnáth laistigh den chontae, i mbailte agus i sráidbhailte ná mar atá siad faoin tuath. Is iad na lonnaíochtaí ina bhfuil na comhréireanna is airde de theaghlaigh tuismitheora aonair (>30%) Coillte Mach, Béal Átha na Muice agus Béal an Mhuirthead.

Is féidir le beagnach daichead a ceathair faoin gcéad de dhaonra cónaithe Chontae Mhaigh Eo (aois 3+) Gaeilge a labhairt. Tá na luachanna is airde i bpobail Ghaeltachta, i dTuar Mhic Éadaigh, an Corrán, Bun an Churraigh, Ceathrú Thaidhg and Leithinis an Mhuirthead ach go háirithe. Is sna pobail seo atá na comhréireanna is airde de dhaoine a labhraíonn an Ghaeilge go rialta.

### Príomhfhíricí:

- Tá daonra Chontae Mhaigh Eo ag éirí níos éagsúla i gcónaí i dtaobh náisiúntachta agus eitneachta, agus tá bunú maith faoi phobail náisiúnach neamh-Éireannach i roinnt bailte, i mBéal Átha hAmhnais, Baile an Róba agus Clár Chlainne Mhuiris ina measc siúd is suntasaí;
- Tá daonra Lucht Siúil an chontae suite i mbraislí ar leith – go ginearálta ar imill Bhéal Átha hAmhnais, Bhaile an Róba agus Bhéal an Átha;
- Amhail Feabhra 2024, tá os cionn 4,600 duine ag cónaí i gContae Mhaigh Eo a tháinig ón Úcráin;
- Is scór -3.1 a bhí ag Contae Mhaigh Eo ar Innéacs Rachmais agus Díothachta HP Pobal – an cúigiú scór is diúltaí i gcomparáid le gach limistéar údaráis áitiúil in Éirinn;
- Seachas CB Chaisleán an Bharraigh (+0.1), ba scór diúltach a bhí ag gach ceantar bardasach i gContae Mhaigh Eo ar Innéacs HP Pobal. Is scór -6.9 a tugadh do Bhéal an Átha. Cónaíonn níos mó ná an ceathrú cuid de dhaonra CB Chathair na Mart-Bhéal an Mhuirthead i gceantar beag (SA) a rangáítear amhail a bheith ‘faoi mhíbhuntáiste. Tá ráta ard míbhuntáiste ann ar fud LEA Bhéal an Mhuirthead agus rangáítear an ceantar seo mar limistéar faoi mhíbhuntáiste.
- Cónaíonn beagnach daichead faoin gcéad de dhaonra Chontae Mhaigh Eo i gceantair a rangáítear amhail a bheith ‘amach go mór faoin tuath / an-iargúlta’, agus cónaíonn beagnach tríocha faoin gcéad de dhaoine i mbailte uirbeacha neamhspleácha; agus
- Tá rochtain ag beagnach trí cheathrú de theaghlaigh Mhaigh Eo ar leathanbhanda (74.3% nó 38,640 duine). Is fearr atá nascacht leathanbhanda sna príomhbhailte agus timpeall orthu, agus sholáthair an Plean Náisiúnta Leathanbhanda nascacht do roinnt pobail tuaithe, go háirithe i ndeisceart agus in oirthear an chontae.



Táscaire: Innéacs Díothachta HP Pobal, 2016

Map Legend

% Pobal HP Deprivation Index


- Extremely Affluent
- Very Affluent
- Affluent
- Marginally above Average
- Marginally below Average
- Disadvantaged
- Very Disadvantaged
- Extremely Disadvantaged

CDP Settlement Hierarchy

- Key Towns (Tier I a)
- Strategic Growth Towns (Tier I b)
- Self-Sustaining Growth Towns (Tier II & III)
- Key External Settlements

- Mayo County Council
- Municipal District (MD)
- Primary/Trunk Roads
- Other Key Roads
- Railway
- Lakes

Contains Irish Public Sector Data (data.gov.ie) licensed under a Creative Commons Attribution 4.0 International (CCBY 4.0) licence.





## Oideachas

Is ísle leibhéal ghnóthachtála oideachais i gContae Mhaigh Eo ná iad siúd sa Stát, Réigiún an Iarthair agus i gcontaetha máguaird i réigiún na Teorann, seachas i gcás Chontae Dhún na nGall. Níor bhain breis agus an séú cuid den daonra cónaithe (aois 15+ a chríochnaigh oideachas lánaimseartha) cáilíocht oideachais dara leibhéal amach. Tá an figiúr (13% nó 12,248) do Chontae Mhaigh Eo ceithre phointe céatadán níos airde ná an luach comhfhreagrach don Stát (10.7%), agus baineann sé go mór mór le tuaitheacht agus le próifíl aoise níos sine. Tá an chomhréir dhaoine fásta nár lean leis an oideachas tar éis na bunscoile níos airde ná tríocha faoin gcéad i roinnt codanna de LEA Bhéal an Mhuirthead. Tá an chomhréir den daonra daoine fásta a chríochnaigh a n-oideachas foirmiúil ar an leibhéal níos ísle meánscoile (14.1% nó 13,318) cosúil leis an gcomhréir sin i Limistéar Thionól Réigiúnach an Tuaiscirt agus an Iarthair, ach tá sé i bhfad níos airde ná comhréir sin an Stáit (13.2%). Tá comhréir sách íseal daoine sa chontae a bhfuil cáilíocht theicniúil, phrintíseachta nó teastais acu, go háirithe ina chodanna tuaithe. Tá cáilíocht tríú leibhéal ag an tríú cuid de dhaonra cónaithe daoine fásta (33.3% nó 31,450) Chontae Mhaigh Eo (a chríochnaigh oideachas foirmiúil). Tá an figiúr seo sé phointe céatadán níos ísle ná an chomhréir ar fud an Stáit (39.2%), agus is é an figiúr is ísle as na ceithre limistéar údaráis áitiúil i Réigiún an Iarthair.

Tá soláthar Comhionannas Deiseanna a Sholáthar i Scoileanna (DEIS) i scoileanna i gContae Mhaigh Eo ar an soláthar is cuimsithí sa Stát. Ar leibhéal bunscoile, tá stádas DEIS ag breis agus leath de na scoileanna (52.3% nó 80/153 scoil), agus tá stádas DEIS ag breis agus daichead a dó faoin gcéad de scoileanna ar leibhéal meánscoile (11/26 scoil). Is é soláthar DEIS ar leibhéal bunscoile an dara ceann is airde in aon limistéar údaráis áitiúil (i ndiaidh Dhún na nGall), agus is é an soláthar ar leibhéal meánscoile an séú ceann is airde sa Stát.

Is ionann an cóimheas idir daltaí agus múinteoirí ar leibhéal bunscoile agus 20.97 : 1; seo an dara cóimheas is ísle i measc limistéir údaráis áitiúil. Tá fiche a cúig meánscoil i gContae Mhaigh Eo, agus tá daonra scoláirí 11,390 ann. Cé go bhfuil táillí cúraim leanaí i gContae Mhaigh Eo faoi bhun tháillí an Stáit, níor tháinig na leibhéal chéanna de bhoilsciú praghais orthu a tháinig i bhformhór na gcontaetha eile. Is é an meánchostas in aghaidh an linbh sa tseachtain €161.


## Príomhfhíricí:

- Tugtar leibhéal ísle de ghnóthachtaíil oideachais faoi deara i Maigh Eo i gceantair thuaithe agus sa chás ina bhfuil próifíl seanaoise i gceist;
- I measc na dtríocha a haon limistéar údaráis áitiúil atá in Éirinn, tá an ceathrú comhréir is airde i gContae Mhaigh Eo de dhaoine a d'fhág an scoil tar éis na bunscoile, agus tá an chomhréir is airde de dhaoine sa chontae a chríochnaigh a n-oideachas leis an Ardteistiméireacht nó le cáilíocht chomhionann;
- Tá codarsnacht ann idir Caisleán an Bharraigh, Cathair na Mart agus a purláin agus beagnach an chuid iomlán eile den chontae maidir le leibhéal ghnóthachtaíla oideachais i measc an daonra cónaithe - tá leibhéal i bhfad níos airde i gCaisleán an Bharraigh agus Cathair na Mart agus timpeall orthu ná mar atá siad i gcodanna eile den chontae. Tá na leibhéal is ísle de ghnóthachtaíil oideachais i dtuaisceart agus in iarthar an chontae, go háirithe in LEA Bhéal an Mhuirthead;
- Is airde an chomhréir de scoileanna i gContae Mhaigh Eo ar leibhéal bunscoile agus meánscoile, a bhfuil stádas DEIS acu ná mar atá i bhformhór na limistéar údaráis áitiúil; agus
- Tá an cóimheas idir daltaí agus múinteoirí i mbunscoileanna i gContae Mhaigh Eo (20.97 : 1) comhionann go leor leis an gcóimheas sa Stát (22.8 : 1) agus i bhformhór na gcontaetha eile.




### Map Legend



% Education - All Third Level, 2016



### CDP Settlement Hierarchy



Contains Irish Public Sector Data (data.gov.ie) licensed under a Creative Commons Attribution 4.0 International (CC BY 4.0) licence.



Táscaire: Gnóthachtáil Oideachais - 3ú Leibhéal, 2016 (Foinse: an CSO)

## Próifíl Gheilleagrach

Léirítear laigí móra struchtúracha i bpróifíl gheilleagrach Chontae Mhaigh Eo i gcomparáid le codanna eile in Éirinn. Is ísle an rannpháirtíocht sa lucht saothair agus sa lucht oibre i gContae Mhaigh Eo ná mar atá sé ar fud an Stáit agus in aon chontae i Réigiún an Iarthair. Is i gceantair thuaithe atá na rátaí rannpháirtíochta is ísle, arb é is cúis pháirteach leis seo a bpróifíl aoise, ach tugann sé bochtaineacht deise le fios in go leor codanna den chontae freisin. Maidir leis an gcuid eile den chontae, tá próifíl gheilleagrach níos láidre agus níos éagsúlaithe i gCaisleán an Bharraigh agus ina phurláin. I gcodarsnacht leis sin, tá an phróifíl gheilleagrach is laige in LEA Bhéal an Mhuirthead. Tá an leibhéal is ísle ann de rannpháirtíocht an lucht saothair agus an lucht oibre sa chontae. Go deimhin, tá rannpháirtíocht an lucht saothair i nGaeltacht Mhaigh Eo breis agus seacht bpointe céatadáin níos ísle ná an figiúr don chontae ina iomláine agus beagnach aon phointe céatadáin déag níos ísle ná an Stát.

Tá beagán faoi bhun caoga a hocht faoin gcéad den daonra cónaithe 15+ bliain d'aois (57.4% nó 3,607) sa lucht saothair i gContae Mhaigh Eo; tá an figiúr seo 3.7 pointe céatadáin níos ísle ná an figiúr ar fud an Stáit (61.2%). Astu siúd sa lucht saothair, tá níos mó ná 91% acu ag obair.

Maidir leis an Stát, tá comhréir níos airde den lucht saothair cónaithe fostaithe i gContae Mhaigh Eo sna hearnálacha seo a leanas: talmhaíocht, foraoiseacht agus iascaireacht (6.2%); foirgníocht agus tógáil (6.7%); déantúsaíocht (15.7%); agus riarachán poiblí (6.5%). Go comhréireach, tá níos lú daoine ag oibriú i dtráchtáil agus i dtrádáil (20.4%); iompar agus cumarsáid (4.9%); agus i seirbhísí gairmiúla (24.2%). Tá an chomhréir dhaoine atá fostaithe in 'tionscail eile' (15.4%), faoi mar a thugtar orthu (lena n-áirítear ilghníomhaíocht agus gníomhaíochtaí séasúracha) cosúil leis an gcomhréir ar fud an Stáit, agus tá sé níos ísle ná mar atá sé i gcontaetha eile feadh bhord farraige an iarthair.

## Tionscal Fostaíochta

Tá breis agus duine amháin de gach sé oibrí dhéag cónaithe an chontae fostaithe san earnáil phríomhúil (talmhaíocht, iascaireacht agus foraoiseacht). Tá na luachanna is airde (>20%) sa tríú trian den chontae (áit nach bhfuil an talamh chomh torthúil céanna) - laistiar de líne ó Chill Ala go Loch Measca, gan Cathair na Mart agus a

purláin a áireamh. Tá na luachanna níos ísle freisin ar Oileán Acla, mar gheall go bhfuil níos mó fostaíochta sa turasóireacht ansin.

Tá níos mó fostaíochta i ndéantúsaíocht i gContae Mhaigh Eo i gcomparáid le contaetha eile sa Stát; tá beagán de bhreis ar shé déag faoin gcéad den lucht saothair fostaíthe ann. Is mó atá an earnáil (mar fhoinsé fostaíochta) i gCathair na Mart, Béal Átha hAmhnais, Béal Átha na Muice agus Crois Mhaoilíona agus timpeall ar na ceantair siúd. Tá breis agus sé faoin gcéad de lucht saothair an chontae fostaíthe i bhfoirgníocht agus i dtógáil, ach is ionann na luachanna agus dhá oiread na luachanna i roinnt pobail tuaithe, agus is timpeall ar Bhéal an Mhuirthhead agus i gcodanna de Mhaigh Eo Thoir is mó atáthar fostaíthe san earnáil siúd.

Tá an cúigiú cuid den lucht saothair fostaíthe i dtráchtáil agus i dtrádáil. Is ionann seo agus beagnach trí phointe céatadáin níos ísle ná an chomhréir ar fud an Stáit (23.8%) agus tá sé comhionann go leor leis na luachanna i gcontaetha eile san iarthar. Is mó fostaíocht san earnáil seo i gCaisleán an Bharraigh agus i mBéal an Átha agus timpeall ar na háiteanna seo, agus i gCathair na Mart, Clár Chlainne Mhuiris, Baile Uí Fhiacháin agus Coillte Mach agus timpeall orthu, ach líon níos lú daoine i gceist.

Tá breis agus sé faoin gcéad den lucht saothair fostaíthe i riarachán poiblí, agus tá na luachanna is airde i gcriosanna peirea-uirbeacha timpeall ar Chaisleán an Bharraigh agus ar Bhéal an Átha agus i gceantair taobh le Páirc Náisiúnta Bhaile Chruaich.

Tá beagnach an ceathrú cuid de na poist i gContae Mhaigh Eo i seirbhísí gairmiúla. Tá na luachanna is airde (>30%) i gCaisleán an Bharraigh, Balla agus Coillte Mach agus timpeall orthu, agus in Iorras agus Oileán Acla. Is gnách go mbíonn na luachanna is ísle ann (<16%), i dturas an ama, i gceantair ina bhfuil dlús íseal daonra – ó thuaidh agus laistiar de Chrois Mhaoilíona agus laistear de Chathair na Mart. Tugann na figiúirí seo agus an patrún gaolmhar spásúil tábhacht Chaisleán an Bharraigh le fios mar ionad fostaíochta agus seirbhíse. Tugadh an borradh ba mhó ar fhostaíocht faoi deara idir 2016 agus 2022 ar an earnáil seirbhísí gairmiúla a baineadh amach in aon earnáil (seachas ar ghníomhaíochtaí 'eile', faoi mar a thugtar orthu) i gContae Mhaigh Eo (+2114 duine ag obair).

Baineann fostaíocht i dtionscail 'eile' le séasúracht agus le gilleagair áitiúla mheasctha (e.g. iascaireacht, feirmeoireacht, turasóireacht agus táirgeadh ceardaí). Is gnách go bhfuil na gníomhaíochtaí siúd tábhachtach feadh bhord farraige iarthar na hÉireann. Cé go bhfuil an figiúr foriomlán do Chontae Mhaigh Eo níos ísle ná mar atá sé i gcontaetha eile iartharacha, tá méadú ag teacht ar an líon daoine atá fostaíthe i dtionscail 'eile' i gContae Mhaigh Eo ar luas níos tapúla ná mar atá sé i

ngach earnáil eile. Tugtar le fios sna sonraí is déanaí ó Dhaonáireamh 2022 go bhfuil na luachanna is airde in Oileán Acla, sa Mhala Raithní agus in Iorras. Tá breis agus fiche cúig faoin gcéad den lucht saothair cónaithe i mBéal an Mhuirthead agus i gCathair na Mart, agus beagnach tríocha faoin gcéad den lucht saothair i gCluain Cearbán fostaithe i dtionscail 'eile'. Rangaítear go bhfuil breis agus fiche a cúig faoin gcéad den lucht saothair cónaithe i gCnoc Mhuire, arb é an suíomh oilithreachta is mó a dtugtar cuairt air (1.5 milliún cuairteoir in 2022) fostaithe i dtionscail 'eile'.

Tá an tríú leibhéal is ísle (11.9% nó 6,795) i gContae Mhaigh Eo de chomaitéireacht amach ón gcontae (i ndiaidh Chiarraí agus Dhún na nGall) i measc na dtríocha a haon limistéar údaráis áitiúil, agus is í Cathair na Gaillimhe an ceann scríbe i measc fiche a dó faoin gcéad de na sreafaí tráchta comaitéireachta uile amach ón gcontae. Is é Contae na Gaillimhe an dara ceann scríbe comaitéireachta seachtraí is tábhachtaí; taistealaíonn fiche a dó faoin gcéad de shreafaí ann. Is mó na sreafaí comaitéireachta amach ón gcontae i measc oibrithe cónaithe i Maigh Eo Theas agus Thoir – feadh conair 10km ó Bhaile Chathail go Fiord an Chaoláire Rua. Oibríonn breis agus an cúigiú cuid d'oibrithe cónaithe i mBaile an Róba, Sruthair, an Éill, Clár Chlainne Mhuiris agus Baile Chathail lasmuigh de Chontae Mhaigh Eo.

Léirítear i léarscáiliú ar phoist i gContae Mhaigh Eo tábhacht na bpríomhionad uirbeach, go háirithe Caisleán an Bharraigh, Béal an Átha agus Cathair na Mart, anuas ar na tionscail lena dtacaíonn Údarás na Gaeltachta i mBéal an Mhuirthead.

## Fiontraíocht agus Gnó

Faoi mar atá i gceist i ngach contae atá tuaithe den chuid is mó, tá tromlach mór na bpost i ngnóthais dhúchasacha (Éireannacha), agus níl ach beagán de bhreis ar thrí déag faoin gcéad de phoist i gcuideachtaí lena dtacaíonn infheistíocht dhíreach eachtrach (FDI). Idir deich faoin gcéad i gContae Ros Comáin agus breis agus an ceathrú cuid i nGaillimh atá an chomhréir de phoist i ngnóthais FDI ar fud Réigiún an Iarthair agus sna contaetha teorann taobh leo. Ba láidre i bhfiontair dhúchasacha an borradh foriomlán ar ghnóthais a dtugann an stát cúnamh dóibh (+1,821 post) i gcomparáid le fiontair FDI (+1,749 post) le deich mbliana anuas. Thacaigh Oifig Fiontair Áitiúil (LEO) Chontae Mhaigh Eo le 206 cliant agus i rith 2022 agus thug siad cúnamh do 1,226 post i bhfiontar bheaga agus mheánmhéide a chruthú.

I dtaobh déimeagrafaíocht ghnó, is léir ó na sonraí is déanaí (2021) gur gnóthais bheaga is mó atá i gContae Mhaigh Eo. Tá níos lú ná deichniúr fostaithe ag breis agus nócha a trí faoin gcéad de ghnóthais, agus fostaíonn na gnóthais bheaga seo beagnach tríocha a cúig faoin gcéad d'fhostaithe. Oibríonn nach mór fiche a cúig

faoin gcéad d'fhostaithe breise i ngnóthais ina bhfuil idir deichniúr agus caoga fostaí. Ó 2019 i leith, tháinig méadú (+524, +4.3%) ar an líon fiontar gníomhach i gContae Mhaigh Eo, ach níor mhéadú líneach é seo, agus thit roinnt meath bliain ar bhliain amach. Tá nach mór an ceathrú cuid d'fhiontair ghníomhacha sa chontae san earnáil tógála – arb é seo an líon ba mhó as earnáil ar bith, agus tá cúig déag faoin gcéad breise de na fiontair sa trádáil mhiondíola agus mhórdhíola (díolacháin agus deisiúcháin feithiclí san áireamh). I dtéarmaí comhréireacha, is suntasaí atá an dá shaghas seo d'fhiontair i gContae Mhaigh Eo ná mar atá siad ar fud an Stáit ina iomláine.

## Dífhostaíocht

Tugtar le fios sna sonraí ar leibhéal réigiúnach faoi dhífhostaíocht go bhfuil treocht anuas de réir a chéile ann ó 2016, cé gur imir an phaindéim a thit amach le déanaí tionchar diúltach uirthi, agus tháinig méadú ar na líonta daoine dífhostaithe in 2020 agus 2021 sular tháinig meath orthu arís in 2022 agus 2023.

Bhí an ráta dífhostaíochta féindearbhaithe i nDaonáireamh 2022 beagán faoi bhun naoi faoin gcéad (8.9%), ráta a bhí gar do ráta náisiúnta. Is i Maigh Eo Thuaidh agus Thiar atá na rátaí dífhostaíochta is airde laistigh den chontae – go háirithe i bpobail tuaithe, agus i mbailte Bhéal an Átha, Bhéal Átha na Muice agus Bhéal Átha hAmhnais. Nochtar sna figiúirí a sholáthair oifigí leasa shóisialaigh sa chontae (Aibreán 2024) go bhfuil naoi faoin gcéad de dhaoine dífhostaithe sa chontae níos óige ná 18 mbliana d'aois.

## Ioncaim

Cé go bhfuil ardú tagtha ar ioncam indiúscartha in aghaidh an duine gach bliain le deich mbliana anuas, b'ionann an leibhéal i Maigh Eo agus €18,913, an seachtú leibhéal is ísle i measc na fiche sé chontae.

Nochtar i sonraí an Daonáirimh gurbh é €37,214 an meánioncam teaghlaigh i gContae Mhaigh Eo, suim atá níos mó ná €8,000 faoi bhun an mheánioncaim teaghlaigh ar fud an Stáit agus is é an ceathrú meánioncam teaghlaigh is ísle i measc limistéir údaráis áitiúil an Stáit. Laistigh den chontae, tá éagsúlacht shuntasach ann, agus idir faoi bhun €30,000 i bpobail tuaithe in LEA Bhéal an Mhuirthhead agus breis agus €48,000 i bpurláin Chaisleán an Bharraigh agus Chathair na Mart atá na leibhéil.

Braitheann beagnach ceann amháin as gach sé theaghlach, a bhfuil na daoine muinteartha siúd in aois oibre, ar aistrithe leasa shóisialaigh maidir le tromlach a n-

ioncaim teaghlaigh, agus tá an figiúr seo (15.9%) breis agus dhá phointe céatadán níos airde ná figiúr comhionann an Stáit. Laistigh den chontae, is airde na leibhéil bhraite ar leas sóisialach san iarthuaisceart – i bpobail tuaithe in LEA Bhéal an Mhuirthead.

Braitheann breis agus teaghlach amháin as gach sé cinn (17.6%) i gContae Mhaigh Eo ar an bpinsean Stáit le tromlach a n-ioncaim teaghlaigh a sholáthar. Seo an tríú figiúr is airde i measc na gcontaetha go léir, agus tá sé beagnach cúig phointe céatadán os cionn fhigiúr comhionann an Stáit. Is airde atá na leibhéil bhraite ar phinsin laistigh den chontae san iarthar – laistiar de líne ó Chill Ala go dtí an Caoláire Rua agus ar imeall thoir an chontae – lastoir de Bhaile Chathail agus Cnoc Mhuire.

I measc teaghlach atá i gcóiríocht ar cíós, caitear beagnach an ceathrú cuid (24.9%) d'ioncam teaghlaigh ar chíós. Tá seo breis agus ceithre phointe céatadán níos ísle ná figiúr comhionann an Stáit (29%).

Cé gur tháinig méadú ar ioncam indiúscartha in aghaidh an duine, bliain ar bhliain, le deich mbliana anuas, tá an leibhéal i gContae Mhaigh Eo (€18,913) an seachtú leibhéal is ísle i measc na bhfiche a sé contae.

## Príomhfhíricí:


- Tá an dara leibhéal is ísle de rannpháirtíocht an lucht saothair agus an tríú leibhéal déag is ísle de rannpháirtíocht an lucht saothair i measc limistéar údaráis áitiúil ar bith in Éirinn ann i gContae Mhaigh Eo;
- Is i gCaisleán an Bharraigh agus a phurláin atá an fheidhmíocht gheilleagrach is láidre in aon chuid den chontae, agus is in LEA Bhéal an Mhuirthead atá an fheidhmíocht is laige sa chontae, i dtaobh cúrsaí geilleagracha;
- Is í an earnáil seirbhísí gairmiúla an t-aon fhoinse amháin is mó fostaíochta sa chontae, ina bhfuil breis agus fiche a trí faoin gcéad de na poist go léir;
- I measc na dtríocha a haon limistéar údaráis áitiúil in Éirinn, tá an séú comhréir is airde i gContae Mhaigh Eo d'oibríthe cónaithe atá fostaithe san earnáil phríomhúil (talmhaíocht, foraoiseacht, iascaireacht agus mianadóireacht) agus tá an cúigiú comhréir is airde de dhaoine ann atá fostaithe i bhfoirgníocht agus i dtógáil;

- Tá beagnach deich faoin gcéad den lucht saothair cónaithe i gContae Mhaigh Eo fostaithe i gcontae eile, agus as seo oibríonn thart ar an leath i gCathair na Gaillimhe agus i gContae na Gaillimhe;
- Is mó a dhéantar comaitéireacht idirchontae i Maigh Eo Theas agus Thoir, agus is mó a dhéantar comaitéireacht cianfhaid i roinnt pobal;
- Is í an láthair is mó fostaíocht sa chontae Caisleán an Bharraigh agus a phurláin, agus Béal an Átha, Cathair na Mart, Clár Chlainne Mhuiris, Béal Átha hAmhnais, Béal Átha na Muice agus Baile an Róba ina dhiaidh sin;
- Tá beagán de bhreis ar thrí déag faoin gcéad de na poist i gContae Mhaigh Eo i gcuideachtaí lena dtacaíonn infheistíocht dhíreach eachtrach (FDI), agus is i ngnóthais dhúchasacha atá an formhór díobh.
- Tháinig méadú comhsheasmhach ar an líon daoine a bhí ag obair idir 2012 agus 2019, agus cé gur tháinig laghdú ar fhostaíocht i rith na paindéime, tá sí tagtha aniar go mór mór le dhá bhliain anuas;
- Is ionann gnóthais bheaga (<20 fostaí) agus tromlach mór na ngnóthas agus fostaítear breis agus leath na bhfostaithe sa chontae iontu;
- Is ionann an meánioncam teaghlaigh i gContae Mhaigh Eo agus beagnach €8,000 faoi bhun mheánioncam comhionann an Stáit agus is é an ceathrú meánioncam teaghlaigh is ísle i measc limistéir údaráis áitiúil an Stáit.
- Braitheann beagnach an séú cuid de theaghlaigh ar aistrithe leasa shóisialaigh do thromlach a n-ioncaim teaghlaigh; agus
- Tá an tríú brath is mó i gcomparáid le haon chontae in Éirinn ar an bpinsean Stáit i gContae Mhaigh Eo.



### Map Legend


% Workforce: External Commuters, 2016




### CDP Settlement Hierarchy




Contains Irish Public Sector Data (data.gov.ie) licensed under a Creative Commons Attribution 4.0 International (CC BY 4.0) license.



Indicator: Out of County Commuting Flow Map, 2016 (CSO Census, 2016)



Indicator: Outbound Commuting rates in Local Autho 2016 (Source: CSO)



Indicator: External Destinations for Mayo Workers, 2016




### Map Legend


Total Local Jobs in Mayo by ED, 2016




### CDP Settlement Hierarchy



Contains Irish Public Sector Data (data.gov.ie) licensed under a Creative Commons Attribution 4.0 International (CC BY 4.0) licence.



Táscáire: Láthair phost i Maigh Eo de réir Léarscáil Toghann 2016 (Foinse: an CSO)



Indicator: Local Jobs per Mayo Settlements (highest 15), 2016 (Source: CSO)

## Tithíocht

De réir an Daonáirimh is déanaí (2022), tá daonra 68,735 aonad tithíochta i gContae Mhaigh Eo. Is ionann seo agus beagán de bhreis ar thrí faoin gcéad de na haonaid tithíochta sa Stát. Tá 2.7% de dhaonra cónaithe an Stáit sa chontae, ag an am céanna. Ar an gcaoi sin, i dtéarmaí coibhneasta, is fearr an cóimheas idir aonaid tithíochta agus daoine i Maigh Eo ná mar atá sé ar fud an Stáit ina iomláine.

Críochnaíodh 3,008 aonad tithíochta i gContae Mhaigh Eo idir Eanáir 2016 agus Nollaig 2023, ar críochnaíodh 525 díobh siúd in 2023. Is ionann é de 1.6% de thithe críochnaithe ar fud an Stáit. As an tithíocht a críochnaíodh i gContae Mhaigh Eo in 2022, ba thithe singil breis agus leath díobh (56%), agus ba thithe i scéimeanna/eastáit tríocha ocht faoin gcéad sa bhreis díobh. B'árasáin an fuílleach. Tógadh an ceathrú cuid den tithíocht a críochnaíodh (idir 2016 agus 2022) in CB Chaisleán an Bharraigh.

Is airde an ráta folúntais tithíochta i gContae Mhaigh Eo ná mar atá sé ar fud an Stáit ina iomláine (sonraí 2022). Cuirtear an tríú ráta folúntais tithíochta is airde (13.3%) as tríocha a haon limistéar údaráis áitiúil an Stáit i gcuntas i Maigh Eo. Is airde na rátaí folúntais laistigh den chontae i gceantair thuaithe, go háirithe i gceantair neamhchósta, ná mar atá siad sna bailte, cé gur imir folúntas drochthionchar freisin ar roinnt láir bhailte, Baile an Róba ina measc siúd is suntasaí. Cé go bhféadfadh na príomhfhigiúirí maidir le folúntas a thabhairt le fios go bhfuil stoc mór tithíochta nach bhfuil leas bainte as fós, is í an fhírinne go bhfuil breis agus daichead faoin gcéad de na tithe folamh mar gheall go bhfuair an t-úinéir bás (24%) nó mar gheall gur réadmhaoin ar léas an réadmhaoin (19%).

Teach saoire nach gcónaítear ann atá i mbreis an naoú cuid de na haonaid tithíochta i gContae Mhaigh Eo (Aibreán 2022). Seo an ceathrú comhréir is airde as na contaetha go léir, agus cruthaíonn tithe saoire fadhb ar leith i Maigh Eo Thiar, go háirithe i bpobail chósta.

Gnáth-theach atá i gceist le tromlach mór (95%) stoc tithíochta Chontae Mhaigh Eo, agus rangáítear níos lú ná ceithre faoin gcéad mar árasáin. Tá árasáin níos forleithne i measc stoc nua tithíochta, agus is dóchúla go dtagtar orthu sna príomhionaid uirbeacha agus i gcinn scríbe saoire a bhfuil tóir orthu. Is ionann árasáin agus breis agus deich faoin gcéad den stoc tithíochta i gCathair na Mart, Baile Uí Fhiacháin, Cnoc Mhuire agus Clár Chlainne Mhuiris.

Dé réir Dhaonáireamh 2022, tá beagnach trí cheathrú de na háiteanna cónaithe i gContae Mhaigh Eo áitithe ag an úinéir (72.8%). Tá an chomhréir de na háiteanna cónaithe uile atá úinéir-áitithe gan mhorgáiste (48%) ar an gcomhréir is airde i measc limistéir údaráis áitiúil na hÉireann, agus is i gceantair thuaithe agus i gcomharsanachtaí bunaithe uirbeacha atá na rátaí is airde laistigh den chontae, den chuid is mó. Tagtar ar an líon is mó áiteanna cónaithe úinéir-áitithe a bhfuil morgáiste acu (24.9%) san oirthear agus i lár an chontae – feadh ais Chathair na Mart-Chaisleán an Bharraigh-Bhéal an Átha, agus baineann an patrún spásúil seo le leibhéal níos airde d'áiteanna cónaithe nua a thógáil agus le próifíl aoise níos óige a bhaineann le codanna eile de Chontae Mhaigh Eo.

Tá stoc tithíochta níos inacmhainne i gContae Mhaigh Eo ná mar atá i bhformhór na gcontaetha eile, ach tá boilsciú suntasach tagtha ar réadmhaoin le hocht mbliana anuas; ba é €120,108 in Aibreán 2016, agus ba é €221,178 i Márta 2024. Idir €203,421 i mBaile an Róba agus €309,736 i gCathair na Mart a bhí na meánphraghsanna (Aibreán 2023) i measc cheithre limistéar Éirchóid an chontae.

Is í an chomhréir de theaghlaigh a bhfuil áit chónaithe ar cíos acu ó thiarna talún phríobháideach (15.2%) an tríú comhréir is ísle i gcomparáid le gach contae eile, agus tá na luachanna an-íseal (<2%) in go leor ceantair thuaithe, go háirithe i Maigh Eo Theas agus Láir. Tá áit cónaithe ar cíos ó Chomhairle Contae Mhaigh Eo nó ó chomhlacht ceadaithe tithíochta ag thart ar chúig faoin gcéad (5.9%) de theaghlaigh agus is dóchúla go gcónaíonn siad i mbailte beaga agus meánmhéide seachas in áiteanna eile sa chontae. Is ionann áiteanna cónaithe atá ar cíos tríd an gcóras sóisialach agus cúig déag faoin gcéad den stoc tithíochta i mBaile Uí Fhiacháin, Cill Ala agus Béal Átha hAmhnais.


Is é an meánchíos míosúil d'áit chónaithe i gContae Mhaigh Eo €964 (figiúr Nollaig 2023), agus cé go bhfuil an figiúr seo sa trian níos ísle i measc chontaetha na hÉireann, tá méadú mór tagtha ar chíosanna le blianta beaga anuas. Tháinig méadú orthu ó €552 go €735 idir ráithe 4 de 2016 agus ráithe 4 de 2021 – ar méadú tríocha a trí faoin gcéad é seo, agus tháinig méadú breise tríocha a haon faoin gcéad orthu sa dá bhliain ó shin i leith.

Meastar go dtacaíonn íocaíocht cúnaimh tithíochta (HAP) leis an seachtú cuid de theaghlaigh atá i réadmhaoin chíosa (atá cláraithe leis an RTB) i gContae Mhaigh Eo, de réir Dhaonáireamh 2022 (1,211 teaghlach). Is in LEAanna Chaisleán an Bharraigh agus Bhéal an Átha atá na comhréireanna is airde de theaghlaigh chíosa a bhfuil an HAP á fháil acu, agus is sna príomhbhailte atá na luachanna is airde (i dtéarmaí saora). Tá íocaíochtaí níos tábhachtaí déanta le blianta beaga anuas den HAP i


gcomparáid leis an bhforlíonadh cíosa, agus ní raibh ach 170 réadmhaoín chíos sa chontae á maoiniú go páirteach tríd an scéim forlíonta cíosa in 2021.

## Príomhfhíricí:



- Críochnaíodh 3,008 aonad tithíochta ó 2016 i gContae Mhaigh Eo, agus treocht anuas bliain ar bhliain atá sa treocht, seachas sa tréimhse 2020-2021 – mar gheall ar shrianta a bhain le COVID;
- Tá an ceathrú ráta is airde de thithe saoire neamháitithe i gContae Mhaigh Eo mar chomhréir dá stoc tithíochta, as na húdaráis áitiúla go léir in Éirinn.
- Bhí an meánphraghas díola ar áit chónaithe (in Aibreán 2023) i gContae Mhaigh Eo ar an seachtú praghas ab ísle i measc na dtríocha a haon limistéar údaráis áitiúil, cé gur tháinig méadú ochtó a trí faoin gcéad idir 2016 agus 2024 ar an meánphraghas;
- Tá áit chónaithe ar cíos ó thiarna talún phríobháideach ag teaghlach amháin as seacht dteaghlach i gContae Mhaigh Eo – seo an tríú comhréir is ísle in aon limistéar údaráis áitiúil;
- Tá réadmhaoín chíos atá sách inacmhainne i gContae Mhaigh Eo, ach tá méadú comhsheasmhach tagtha orthu le hocht mbliana anuas, agus tá boillsiú níos tapúla tagtha ar chíos ó 2021; agus
- Caitheadh breis agus €5 mhilliún ar an íocaíocht cúnaimh tithíochta (an HAP) i gContae Mhaigh Eo in 2021.



Indicator: Mayo Completions by MD, 2022 (Source: CSO)





Indicator: Mayo Completions Timeline 2016-2022 (Source: CSO)



Indicator: Mayo Rental Price Time Series 2016 - 2022 (Source: CSO)

Táscaire: Comparáid Pragsanna Cíosa de réir Údarás Áitiúil, 2022 (Foinse: an CSO)



Táscaire: % den Dáileadh ar Thionóntachtaí HAP de réir Údarás Áitiúil, 2021 agus an % de Réadmhaoin lena dtacaíonn an RTB de réir LEA, 2021 (Foinse: ...)

## An Comhshaol

Contae í Maigh Eo ina bhfuil áilleacht nádúrtha as cuimse, gnáthóga tábhachtacha agus réimse fairsing bithéagsúlachta. Dá réir sin, agus chun acmhainní an chontae a chosaint, atá bunriachtanach dá thionscal turasóireachta agus do thalmhaíocht inbhuanaithe, tá roinnt ainmnithe dlíthiúla i bhfeidhm.

Ainmníodh roinnt suíomhanna i gContae Mhaigh Eo mar 'Limistéar faoi Chosaint Speisialta' (SPAanna) nó mar 'Limistéar Oidhreachta Nádúrtha' (NHAanna), mar chuid de Líonra Natura 2000. Is é an ceann is mó díobh seo Páirc Náisiúnta Bhaile Chruaich agus a crios maolánach máguaird, go leor de Shliabhraon Néifinn Bheag, Leithinis an Mhuirthead agus a huiscí cósta, Loch Con, Loch Measca, an leath thoir de Chuan Mó (na droimníní faoi uisce san áireamh) agus formhór Chnoic Phartraí agus Sheefry san áireamh. I measc na suíomhanna tábhachtacha eile a bhfuil stádas Natura 2000 acu tá Gob an Choire, na portaigh agus na heanaigh timpeall ar Bhaingear Iorras agus príomhaibhneacha an chontae, an Mhuaidh san áireamh. Bronnadh stádas Natura 2000 ar roinnt cuaisíní cósta freisin. Tá roinnt de na suíomhanna SPA agus NHA atá i gContae Mhaigh Eo á roinnt leis na contaetha máguaird freisin. Áirítear leo seo Sliabh Gamh (le Sligeach) agus Fíord an Chaoláire Rua agus na huiscí cósta idir Inis Toirc agus Inis Bó Finne (le Gaillimh).

Tugtar chun solais i léarscáiliú cumhdaigh talún CORINE éagsúlacht agus luach thírdhreacha Chontae Mhaigh Eo. Is ionann tailte portaigh agus breis agus tríocha a cúig faoin gcéad de chumhdach talún an chontae, agus tá iad seo forleathan ar fud leath thiar an chontae, agus ar na hardtailte. Linn charbóin nádúrtha iad portaigh, agus tá ról tábhachtach le glacadh acu chun tacú le héiceachórais agus i ndul i ngleic le agus sa chomhrac in aghaidh athrú aeráide. Tailte portaigh atá i dtromlach shaghas an chumhdaigh talún in CB Chathair na Mart. Tá limistéir de thalamh féaraigh scaipthe ar fud thailte portaigh Mhaigh Eo Thiar ach cuireadh crainn bhuaircíneacha ar go leor díobh i rith na 1990idí agus na 2000idí, agus tháinig laghdú ar a bhfeidhmeanna éiceolaíochta. Tá tionscadal ar bun ar Shléibhte Néifinne chun fiántas a dhéanamh athuair den talamh, agus tá ról tábhachtach á ghlacadh ag roinnt feirmeoirí i gcaomhnú an dúlra, speicis i mbaol, cosúil leis an traonach, a chosaint. Cé gur féarach is mó atá i Maigh Eo Thoir, tá roinnt tailte portaigh scaipthe ina measc seo.

Is éagsúil do cháilíocht an uisce in aibhneacha agus sruthanna Mhaigh Eo. Tagtar ar na huiscí is airde caighdeán sna sruthanna a shreabhann as portaigh nár chuir an duine isteach orthu i dtuaisceart agus in iarthar an chontae, agus tagtar ar an uisce is ísle caighdeán sna sruthanna timpeall ar Chaisleán an Bharraigh. Cé go bhfuil uisce

ar chaighdeán maith i bhformhór fho-aibhneacha na Muaidhe, agus tá an t-uisce sa phríomhchainéal ar chaighdeán measartha.

A bhuíochas le hiarrachtaí caomhnaithe, cur i bhfeidhm Chreat-Treoir Uisce an AE agus rannpháirtíocht feirmeoirí i scéimeanna agra-chomhshaoil, tá feabhas tagtha, ar an iomlán, ar cháilíocht an uisce ó 2010. Tháinig méadú ceithre pointe céatadán ar an gcomhréir uiscí a bhaineann stádas 'ardchaighdeán' amach, ach ní hionann iad go fóill ach seacht déag faoin gcéad.

Tá roinnt gnáthóga tábhachtacha i gContae Mhaigh Eo don diúilicín péarla fionnuisce (*margaritifera*), óna dteastaíonn uisce ardchaighdeán agus is sárthomhas iad ar cháilíocht an uisce. Is é an dobharcheantar is tábhachtaí ina leith seo Dobharcheantar Iorras-Chuan Mó.

De réir na Gníomhaireachta um Chaomhnú Comhshaoil (an EPA), tá roinnt de na tailte portaigh agus na hardtailte i Maigh Eo, anuas ar a lochanna (Loch Con agus Loch Measca san áireamh) fíor-íogair ó thaobh an chomhshaoil de. Tá formhór den cheathrú thiar den chontae, go deimhin féin, fíor-íogair i leith athrú comhshaoil. Tá fíor-íogaireacht chomhshaoil freisin i gceist i gcás oileáin Chuan Mó, Cliara san áireamh, anuas ar fhormhór Acla agus Chuan an Fhóid Duibh.

Tá iarracht chombheartaithe á déanamh le blianta beaga anuas chun lorg carbóin ár n-áiteanna cónaithe a laghdú, trínár spleáchas ar bhreoslaí iontaise a laghdú agus feabhas a chur ar rátálacha fuinnimh foirgnimh (BERanna) i measc bearta eile. Ach is í ola an phríomhfhoinsé téimh baile go fóill i measc áiteanna cónaithe Chontae Mhaigh Eo. Téitear beagnach an cúigiú cuid (19%) de na háiteanna cónaithe trí úsáid a bhaint as móin, agus tagann méadú ar an bhfigiúr seo aníos go dtí breis agus fiche a cúig faoin gcéad in CB Chathair na Mart-Bhéal an Mhuirthead agus go dtí breis agus daichead a cúig faoin gcéad i bpobail Ghaeltachta.

As an stoc tithíochta a measúnaíodh i gContae Mhaigh Eo (2022), níor bhain ach deich faoin gcéad rátáil BER B2 nó níos airde amach. Ba cheart a thabhairt faoi deara, áfach, nach ndearnadh measúnú BER ach ar thríocha faoin gcéad de stoc tithíochta an chontae. Baineann rátálacha ísle BER le hardleibhéil d'éileamh ar théamh, agus tugtar le fios i bhfigiúirí 2022 go raibh an leibhéal ab airde in aghaidh an duine i gContae Mhaigh Eo d'éileamh ar théamh i gcomparáid le contae ar bith eile. B'ionann an t-éileamh iomlán fuinnimh, i measc na n-earnálacha go léir i gContae Mhaigh Eo, agus 1,260 gigeavatuair (in 2022) – an deichiú leibhéal is airde sa Stát.



I gContae Mhaigh Eo a bhí an chéad fheirm ghaoithe in Éirinn (Béal Átha Chomhraic), agus tá sé fheirm ghaoithe ann sa chontae faoi láthair. Tá acmhainn easpórtála fuinnimh 271 meigeavata acu seo, atá breis agus sé faoin gcéad d'iomlán an Stáit. De réir Údarás Fuinnimh Inmharthana na hÉireann (an SEAI), tá feirm ghréine amháin ar na bacáin do Chontae Mhaigh Eo. Anuas air sin, tá forbairt dhá fheirm ghréine ina gceantar áitiúil á dtabhairt chun cinn ag Comharchumann Fuinnimh Chlár Chlainne Mhuiris.

Tá méadú tagtha le blianta beaga anuas ar dhíolacháin feithiclí leictreacha agus hibrideacha agus b'ionann iad in 2022 agus beagnach daichead faoin gcéad de na díolacháin iomlána ghluaisteán nua i gContae Mhaigh Eo – aníos ó sheacht faoin gcéad in 2018.

Tugtar breis agus leath (52%) den dramhaíl tí (a bailíodh in 2020) i gContae Mhaigh Eo go líonadh talún.

Seo an tríú comhréir is airde i measc limistéir údaráis áitiúil an Stáit, agus tá an dara comhréir is ísle sa chontae de dhramhaíl a rangáítear mar dhramhaíl orgánach.

## Príomhfhíricí:


- Bronnadh cosaint dhlíthiúil ar fhormhór na dtírdhreach agus na muirdhreach a bhuntacaíonn le tionscal turasóireachta Chontae Mhaigh Eo faoi Chreat Natura 2002, agus is in iarthar an chontae atá an tromlach díobh seo;
- Tá limistéir mhóra de thalamh phortaigh i gContae Mhaigh Eo, agus baineann tábhacht shuntasach éiceolaíochta leis seo;
- I gcomparáid le formhór na gcontaetha eile, tá deiseanna suntasacha ann i gContae Mhaigh Eo leis an líon measúnuithe BER measúnuithe faoina dtugtar agus an chomhréir áiteanna cónaithe ag a bhfuil ídiú íseal fuinnimh a mhéadú;
- Tugadh méadú nach mór faoi shé faoi deara idir 2018 agus 2022 i gContae Mhaigh Eo ar an gcomhréir de ghluaisteáin nua a díoladh a bhí ina ngluaisteáin leictreacha nó hibrideacha; agus
- I measc na dtríocha a haon limistéar údaráis áitiúil in Éirinn, tá an tríú comhréir is mó i gContae Mhaigh Eo de dhramhaíl tí a thugtar chun líonadh talún (67%).

**Map Legend**  
 Natura 2000 Sites  
 ■ Natura 2000


**CDP Settlement Hierarchy**

- Key Towns (Tier I a)
- Strategic Growth Towns (Tier I b)
- Self-Sustaining Growth Towns (Tier II & III)
- Key External Settlements
- Mayo County Council
- Municipal District (MD)
- Primary/Trunk Roads
- Other Key Roads
- - - Railway
- Lakes

Contains Irish Public Sector Data (data.gov.ie) licensed under a Creative Commons Attribution 4.0 International (CC BY 4.0) licence.



Indicator: Natura 2000 Sites Map, 2023 (Source: CSO)



Táscaire: Miondealú ar Dhramhaíl Tí a Bailíodh, 2020 (Foinse: an CSO)

### Map Legend

CORINE Land Classification Mapping, (2018)


- |                                    |  |
|------------------------------------|--|
| 111 Continuous urban fabric        | 133 Construction sites                       |
| 112 Discontinuous urban fabric     | 141 Green urban sites                        |
| 121 Industrial or commercial units | 142 Sport and leisure facilities             |
| 122 Road and rail networks         | 211 Non-irrigated land                       |
| 123 Sea ports                      | 231 Pastures                                 |
| 124 Airports                       | 242 Complex cultivation patterns             |
| 131 Mineral extraction sites       | 243 Land principally occupied by agriculture |
| 132 Dump                           | 311 Broad-leaved forest                      |
| 212 Coniferous forest              | 334 Burnt areas                              |
| 213 Mixed forest                   | 411 Inland marshes                           |
| 321 Natural grassland              | 412 Peat bogs                                |
| 322 Moors and heaths               | 421 Salt Marshes                             |
| 324 Transitional woodland scrub    | 423 Intertidal flats                         |
| 331 Beaches dunes sand             | 511 Stream courses                           |
| 332 Bare rocks                     | 512 Water bodies                             |
| 333 Sparsely vegetated areas       | 521 Coastal lagoons                          |
|                                    | 522 Estuaries                                |

### CDP Settlement Hierarchy


- Key Towns (Tier I a)
- Strategic Growth Towns (Tier I b)
- Self-Sustaining Growth Towns (Tier II & III)
- Key External Settlements

- Mayo County Council
- Municipal District (MD)
- Primary/Trunk Roads
- Other Key Roads
- Railway


Contains Irish Public Sector Data (data.gov.ie) licensed under a Creative Commons Attribution 4.0 International (CC BY 4.0) licence



Indicator: CORINE Land Cover Map, 2018 (Source: EPA/OPR)



Indicator: Connected Wind Farms, 2022 (Source: SEAI)



Indicator: Connected Wind Farms by MEC - MW, 2022 (Source: SEAI)

## Talmhaíocht

Imríonn a tíreolaíocht fhisiciúil tionchar láidir ar phróifíl talmhaíochta Chontae Mhaigh Eo. Baintear tairbhe in oirthear an chontae – lastoir de na príomhlochanna (Loch Con agus Loch Measca) – óna shuíomh íseal agus ó na hithreacha níos torthúla atá ann, agus tá an talmhaíocht níos déine ansin ná mar atá sí in iarthar Mhaigh Eo. I gcodarsnacht leis sin, tá ceantair feadh chósta an Atlantaigh creagach agus buailte ag an ngaoth agus bhí an fheirmeoireacht níos imeallaí sna láithreacha seo riamh anall. Tá sochair á mbaint ag feirmeoirí ar fud Chontae Mhaigh Eo le blianta beaga anuas as beartais ina gcuirtear feirmeoireacht ardluacha dúlra chun cinn iontu agus tá na beartais siúd á bhfáiltiú acu.

Feirmeacha sainmhairteola nó sainchaorach iad beagnach ochtú faoin gcéad d'fheirmeacha i gContae Mhaigh Eo. Is í talamh féaraigh an príomhúsáid a bhaintear as talamh, ar an gcaoi sin. Is i leath thoir an chontae atá ba (laonna agus déiríocht), agus is mó caorach atá i ndeisceart agus in iarthar an chontae – go háirithe sna hardtailte. Feirmeacha déiríochta iad beagán de bhreis ar dhá faoin gcéad d'fheirmeacha i gContae Mhaigh Eo, agus tá an formhór díobh seo i nGleann na Muaidhe agus ar na mána laistean de Chlár Chlainne Mhuiris agus lastoir de Bhaile an Róba.


### Príomhfhíricí:

- Bhí an meán-aschur caighdeánach in aghaidh na feirme, sa bhliain 2020 (€8,683) i gContae Mhaigh Eo ar an tríú ceann ab ísle i gcomparáid le gach contae in Éirinn; agus
- Tá tábhacht na feirmeoireachta i gcoibhneas leis an daonra ar an tríú ceann is airde i gcomparáid le gach contae in Éirinn; agus
- Sainfheirmeacha táirgthe mairteola iad formhór na bhfeirmeacha i Maigh Eo (57%), agus pléann an ceathrú díobh go speisialta le táirgeadh caorach.





Indicator: Median Standard Output (€), 2020 (Source: CSO)



Indicator: Area Farmed (Ha), 2020 (Source: CSO)

**Map Legend**

Number of Cows by ED, 2020


- Less than 690
- > 690 to <= 16,00
- > 1,600 to <= 27,00
- Greater than 27,00

**CDP Settlement Hierarchy**


- Key Towns (Tier I a)
- Strategic Growth Towns (Tier I b)
- Self-Sustaining Growth Towns (Tier II & III)
- Key External Settlements

- Mayo County Council
- Municipal District (MD)
- Primary/Trunk Roads
- Other Key Roads
- - - Railway
- Lakes

Contains Irish Public Sector Data (data.gov.ie) licensed under a Creative Commons Attribution 4.0 International (CC BY 4.0) licence.




Indicator: Number of Cows by ED, 2020 (Source: CSO)



Indicator: Farm Types by Local Authority, 2020 (Source: CSO)

**Plean Áitiúil  
Eacnamaíochta  
agus Pobail  
Mhaigh Eo  
2023-29:**

**Anailís SCOT**



Sainithnítear sa mhír seo Príomhláidreachtaí, Dúshláin, Deiseanna agus Bagairtí (SCOT) a bhaineann le Maigh Eo a fhorbairt sna deich mbliana amach romhainn.

Ullmhaíodh seo i ndiaidh anailís mhionsonraithe shocheacnamaíoch a fhorbairt ar an gcontae, tar éis athbhreithniú a dhéanamh ar cháipéisí agus ar straitéisí a foilsíodh le déanaí agus anailís a dhéanamh ar an LECP deireanach do Mhaigh Eo. Cuireadh leis freisin trí aiseolas agus nótaí tráchtacha a fuarthas ó Fhoireann Chomhairleach an LECP, ón LCDC, ón SPC Geilleagrach agus ó bhainisteoirí

Rannáin Chomhairle Contae Mhaigh Eo.

## Láidreachtaí

- 5000+ bliain de ghníomhaíocht dhaonna dhoiciméadaithe, de stair, d'oidhreacht agus de bhaint le háit;
- Diaspóra tionchair, cáiliúil agus a cheiliúrtar;
- Contae ina bhfuil áilleacht nádúrtha as cuimse, ina bhfuil suíomhanna agus nithe is díol spéise íocónacha a chuireann réimse fairsing táirgí agus tairiscintí turasóireachta agus ceann scríbe ar a bhfuil tóir ar fáil;
- Branda agus aitheantas láidir contae;
- Roinnt eagraíochtaí forbartha pobail atá bunaithe le fada agus atá taithíoch; ag a bhfuil struchtúir láidre chaipitil shóisialta agus shóisialta;
- Áiteanna cónaithe teaghlaigh atá sách inacmhainne;
- Gnólachtaí teaghlaigh / FBManna láidre in go leor pobal;
- Nascacht mhaith leathanbhanda, ó sholáthraithe tráchtála san áireamh;
- Ollscoil Teicneolaíochta an Atlantaigh (iar-Institiúid Teicneolaíochta na Gaillimhe-Maigh Eo san áireamh);
- Is féidir caighdeán maith beatha a thairiscint do shaoránaigh/chónaitheoirí;
- Creatlach dhaingean bhonneagrach, áiseanna spóirt, ionaid phobail, turasóireacht agus conláistí pobail san áireamh;
- Meallacht mar láthair do chianoibriú;
- Aerfort Iarthar na hÉireann, Cnoc Mhuire - nascacht idir-réigiúnach agus idirnáisiúnta;
- Tá Anaclann Idirnáisiúnta Spéire Dorcha Mhaigh Eo ar cheann de dhá anaclann sraithe óir in Éirinn; agus



- Tá limistéir fhorleathana cumhdaithe ag Creat Natura 2000, a chosnaíonn tailte, leis sin, do thalmhaíocht inbhuanaithe agus a chinntíonn go gcaomhnaítear acmhainní muirí.

## Dúshlán

- Neamhchothroime inmheánach spásúil maidir le beogacht dhéimeagrafach agus gheilleagrach, agus tá LEA Bhéal an Mhuirthead i bhfad taobh thiar den chuid eile den chontae;
- Struchtúr lag déimeagrafach i bpobail Ghaeltachta, a bhaineann leanúnachas na Gaeilge ó ghlúin go glúin;
- Íseal-leibhéil rannpháirtíochta sa lucht saothair agus sa lucht oibre;
- Easpa nascachta idir bailte/sráidbhailte/lonnaíochtaí;
- Gréasán teoranta iarnróid, agus iompraítear lasta dá bharr ar bóthar agus tá roghanna teoranta iompair phoiblí ag comaitéirí, agus eascraíonn díghrádú an chomhshaoil agus ardchostais ghnó i gceantair thuithe as seo;
- Tá bonn sách cúng geilleagrach ann, go háirithe i gceantair thuithe;
- Na héifeachtaí atá ag tithe saoire a chuireann isteach ar theacht a bheith ag daoine ar áiteanna cónaithe teaghlaigh agus ar an timpeallacht nádúrtha;
- Láir bhailte agus shráidbhailte a athbheochan agus dul i ngleic le folúntas tithíochta;
- Gan dramhaíl a thabhairt go líonadh talún agus giniúint dramhaíola a laghdú;
- An brath a mhéadú ar líon laghdaitheach oibrithe deonacha le seirbhísí pobail a sholáthar;
- Cóiríocht dhóthanach a sholáthar do dhaoine atá ag teacht ón Úcráin, iad siúd a bhfuil cosaint idirnáisiúnta á lorg acu, turasóirí agus cuairteoirí eile;
- Oibrithe oilte i roinnt earnálacha a mhealladh agus athoiliúint a chur orthu;
- Dul i ngleic le riachtanais líonta méadaitheacha daoine breacaosta;
- Daoine óga a choinneáil agus tacaíochtaí níos fearr a sholáthar dóibh; agus
- Déileáil leis an drochthoradh a chruthaíonn bloic choincréite lochtacha i dtithe agus i bhfoirgnimh eile.
- Freastal ar riachtanais chóiríochta Mhaigh Eo (fostaithe, cuairteoirí, daonra áitiúil); agus
- Nascacht leathanbhanda.

## Deiseanna

- Acmhainn tháirgiúil ghnóthas beag agus dúchasach trí bhraisliú idirghnóthais agus trí speisialtú cliste;
- Deiseanna oideachais, taighde agus réigiúnacha rannpháirtíochta a bhaineann leis an ATU a thapú;
- An Ghaeilge agus an Ghaeltacht – na deiseanna a thapú a bhaineann le pleanáil teanga agus le spéis níos mó sa teanga agus meas níos mó ar an teanga;
- Líonrú, le pobail Ghaeltachta (go náisiúnta) agus le pobail labhartha Gaeilge in Albain agus diaspóra Mhaigh Eo san áireamh;
- Cur leis an gcomhlántacht idir bailte an chontae agus líonrú agus comhoibriú polalárnach a chur chun cinn;
- Rannpháirtíocht feirmeoirí a fhairsingiú i dtionscnaimh éagsúla éiceolaíochta agus feirmeoireacht ardluacha dúlra a chur chun cinn leis an luach saothair cuí do sheirbhísí éiceolaíochta;
- An líne iarnróid idir Clár Chlainne Mhuiris agus Baile Átha an Rí a athoscailt agus toilleadh lasta agus paisinéirí an ghréasáin iarnróid reatha a mhéadú (mar a mholtar san Athbhreithniú Straitéiseach ar Iarnród Uile-Oileáin 2023);
- Turasóireacht athghiniúnach a chur chun cinn;
- An acmhainn atá ag oibriú ceangailte / cianoibriú agus ag na tionscail chruthaitheacha a shaothrú;
- Cur leis na hinfheistíochtaí atá á ndéanamh in oideachas bunscoile agus meánscoile, chun na dúshláin a shárú a bhain go dtí seo le híseal-leibhéal de ghnóthachtáil oideachais;
- Cuireann stair shóisialta uathúil Mhaigh Eo agus an fhairsinge diaspóra atá aici an bonn ar fáil ar ar féidir luachanna cultúrtha agus dea-chleachtas dhomhanda i dtreo gníomhú ar son na haeráide a chur le chéile;
- Saibhreas pobail agus fiontraíocht shóisialta a fhorbairt a bhaineann le fuinneamh, an gilleagar ciorclach, turasóireacht, cultúr;
- Diaspóra Mhaigh Eo – na naisc ar fud an domhain a mhéadú;
- Ceannaireacht pobail a fhorbairt trí thionscnaimh reatha; agus
- Tailte portaigh Mhaigh Eo a bheith mar acmhainn le tionchar dearfach a imirt ar athrú aeráide.

## Bagairtí

- Tá bearnaí suntasacha idir Contae Mhaigh Eo agus an chuid eile den Stát maidir le roinnt táscairí déimeagrafacha, sóisialta agus geilleagracha;
- Cuireann ioncain ísle agus nascacht lag iompair phoiblí bagairt roimh go leor teaghlach a bheith in ann aistriú cóir a dhéanamh go dtí astaíochtaí saor ó charbón;

- Róbhrath ar ghrúpa oibrithe deonacha agus ceannairí pobail atá ag dul in aois agus ag dul i laghad;
- Baol go gcuirfear bearta fuinnimh in-athnuaite i bhfeidhm a dhéanann díobháil d'éiceachórais Mhaigh Eo;
- Imirce de bharr imeachtaí athraithe aeráide go hidirnáisiúnta;
- Cothromaíocht a bhaint amach idir na deiseanna gaoithe/gréine/toinne le modheolaíochtaí feirmeoireachta agus talmhaíochta reatha agus amach anseo;
- Easpa ullmhachta maidir le haosú an daonra - i measc roinnt gníomhaireachtaí / soláthraithe seirbhíse;
- Bagairtí féideartha i leith sláinte poiblí agus turasóireachta (i measc gníomhaíochtaí geilleagracha eile) mar gheall ar dhíghrádú an chomhshaoil agus ar cháilíocht íseal uisce;
- Acmhainn íseal na heangaí náisiúnta i Maigh Eo; agus
- Easpa cóiríochta chun freastal ar riachtanais an chontaetha atá i mbun fáis agus forbartha.

Tá LECP Mhaigh Eo dírithe ar Fhís chomhroinnte don chontae agus ar shraith Spriocanna Ardleibhéil agus ar Chuspóirí gaolmhar Pobail Inbhuanaithe agus Geilleagracha.

Leis an bhFís chomhroinnte agus na Spriocanna Ardleibhéil a fhorbairt do LECP Mhaigh Eo 2023-29, chloígh Comhairle Contae Mhaigh Eo agus Foireann Chomhairleach LECP Mhaigh Eo le cur chuige comhairliúcháin ón mbun aníos agus oscailte. I ndiaidh na mbeart forordaithe loighciúil a leagtar amach i dTreoirínte an LECP, bhí an cur chuige leis an bhFís agus na Spriocanna Ardleibhéil a fhorbairt bunaithe ar roinnt céimeanna idirnastha:

1. Rinneadh anailís ar na sonraí is déanaí socheacnamaíocha agus comhshaoil do Chontae Mhaigh Eo;
2. Chumasaigh an anailís seo anailís SCOT bunaithe ar fhianaise a dhéanamh le hionchur ar leith ón LCDC agus ón SPC Geilleagrach anuas ar bheartais reatha shóisialta, gheilleagracha agus comhshaoil Chomhairle Contae Mhaigh Eo;
3. Rinneadh suirbhé mionsonraithe ar LECP reatha Mhaigh Eo le Foireann Chomhairleach an LECP, an LCDC agus an SPC Geilleagrach. Rinne an suirbhé seo measúnú ar an bhFís agus ar na Spriocanna Ardleibhéil reatha agus lorg sé moltaí le haghaidh athrú, nuair b'infheidhme;
4. Bunaithe ar thorthaí chéimeanna 1 go 3 thuas, cuireadh dréacht-Fhís, sraith Spriocanna Ardleibhéil lena ngabhann cuspóirí agus torthaí inmhianaithe do

LECP Mhaigh Eo faoi bhráid LCDC agus SPC Geilleagrach Mhaigh Eo agus d'fhaomh siad iad ina dhiaidh sin go leanfaidh siad ar aghaidh go dtí comhairliúchán poiblí.

Is é an fhís do LECP Mhaigh Eo 2023-2029 ná gur áit ionchuimsitheach athnuachana a bheidh i Maigh Eo ina gcuirfidh páirtithe leasmhara ár gcontae chun cinn agus ina dtabharfar tacaíocht do phobail, d'fhiontar agus d'eagraíochtaí a bheith bríomhar agus láidir

Cuirfidh na Spriocanna Ardleibhéil don LECP fíorú na Físe foriomláine do LECP Mhaigh Eo chun cinn. Is féidir a mheas go ndéanann na Spriocanna Ardleibhéil an treo ginearálta taistil don LECP a shocrú. Ní athróidh an sprioc go mór mór i rith thréimhse an phlean agus dearfar ionchur agus idirghabháil a dtacófar leo i rith shaolré an phlean go mbainfidh siad na Spriocanna Ardleibhéil, mar a sainithníodh iad.

Tá Spriocanna Ardleibhéil LECP Mhaigh Eo uailmhianach agus tá siad bunaithe ar an anailís ar na sonraí socheacnamaíocha agus ar na próisis chomhairliúcháin faoinar tugadh mar chuid d'fhorbairt an phlean. Creidimid, áfach, gur féidir na Spriocanna Ardleibhéil a bhaint amach agus go bhfuil siad réalaíoch.

Leagtar amach sa mhír seo a leanas na sé Sprioc Ardleibhéil do LECP Mhaigh Eo agus sainithnítear na ceangail thrasghearrthacha idir ár spriocanna agus iad siúd de chuid na Straitéise Spásúlachta agus Geilleagraí Réigiúnaí agus Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe na Náisiún Aontaithe.

## HLG 1

Cuirtear gníomhú ar son na haeráide chun cinn agus tugtar tús áite dó i gContae Mhaigh Eo a sholáthraítear trí chur chuige forbartha agus athghiniúnach.

## HLG 2

Tá ár bpobail i Maigh Eo cumasaíthe, sláintiúil agus fáilteach agus iad ag oibriú go comhoibritheach le hathléimneacht a chur chun cinn.

## HLG 6

Contae é Maigh Eo ina spreagtar, ina gcumasaítear agus ina dtacaítear go réamhghníomhach leis an ngeilleagar sóisialta, gnólachtaí pobail agus an geilleagar ciorclach agus an bithghéilleagar.

Áit ionchuimsitheach, iomlánaíoch agus athghiniúnach é Contae Mhaigh Eo ina ndéanann gach páirtí leasmhar ár gcontae a chur chun cinn agus ina gcuirtear ar chumas ár bpobal, ár bhfiontar agus ár n-eagraíochtaí a bheith beoga agus athléimneach.



## HLG 5

Cuirtear tabhairt isteach sraith chomhtháite tionscnaimh um chur chun cinn, inbhuanaitheachta, dhigitithe, nuálaíochta agus forbartha margaidh chun cinn i gContae Mhaigh Eo.

## HLG 3

Tá teacht ag pobail Chontae Mhaigh Eo ar bhonneagar agus ar sheirbhísí bunriachtanacha atá bunaithe go háitiúil.

## HLG 4

Tá oideachas agus foghlaim ar feadh an tsaoil agus forbairt nuálach, cruthaitheach agus inrochtana do gach duine i gContae Mhaigh Eo.

# HLG 1

Cuirtear gníomhú ar son na haeráide chun cinn agus tugtar tús áite dó i gContae Mhaigh Eo a sholáthraítear trí chur chuige forbartha agus athghiniúnach.



- ✓ 7 - Fuinneamh Inacmhainne agus Glan
- ✓ 11 - Cathracha agus Pobail Inbhuanaithe
- ✓ 12 - Ídiú agus Táirgeadh Freagrach
- ✓ 13 - Gníomhú ar son na hAeráide



- ✓ - Daoine agus Áiteanna
- ✓ - Uaillmhian Nádúrtha
- ✓ - Uaillmhian Cheangailte
- ✓ - Uaillmhian Ionchuismitheach

Cuspóirí Beartaithe	Príomhthoradh Inmhianaithe
Féachaint chuige go seasfaidh ár n-áit an aimsir	Acmhainn a fhorbairt le níos mó a bhaint amach agus le spriocanna gníomhaithe ar son na haeráide a sháru.
An Plean Bithéagsúlachta 5 bliana de Chontae Mhaigh Eo a chur i bhfeidhm	- Réitigh dhúlrahunaithe chun ceapadh carbóin agus feabhsú tuile a thabhairt chun cinn. - Tá meath ar speicis ionracha agus tá úsáid luibhicid/Iotnaidicid á laghdú. - Seirbhísí éiceachórais, bonneagar glas agus limistéir fiadhúlra fheabhsaithe
An tsamhail 'Fear agus Bithsféar' ('Man and Biosphere') de chuid UNESCO a thabhairt chun cinn sa chontae agus ina chrios cósta	Tacú le hiarrachtaí pobail le Fear agus Bithsféar UNESCO ar scála, ar talamh, ar muir agus sa spéir a bhunú, agus mar chur chuige comhpháirtíochta i leith na n-éigeandálaí aeráide agus bithéagsúlachta a fógraíodh a léiríonn luach comhionann ar shócmhainní nádúrtha, cultúrtha agus geilleagracha.
Astaíochtaí a laghdú 51% faoin mbliain 2030	Na spriocanna náisiúnta astaíochtaí do Mhaigh Eo a bhaint nó a sháru.
Feasacht agus rannpháirtíocht a mhéadú	Tá tionscnaimh aeráide agus bhithéagsúlachta á gcómhainiú ag gnóilachtaí mar chuid d'éiceachóras athghiniúnach.
Eagraíochtaí rialtais a shainiú agus comhoibriú leo chun cabhrú le measúnuithe riosca agus bearta oiriúnaithe don aeráid a fhorbairt do phríomhshócmhainní nádúrtha, cultúrtha agus bonneagracha.	- Ard-infeictheacht, feasacht agus tuiscint ar na rioscaí gearrthéarmacha agus fadtéarmacha athraithe aeráide faoi mar a bhaineann siad go sonrach le Contae Mhaigh Eo. - Feasacht ar na bearta maolaithe agus oiriúnaithe, ar na hamscálaí gaolmhara agus na rioscaí iarmharacha.
Bonneagar a sholáthar le haistriú córa iompair chuig taisteal gníomhach agus iompar poiblí a chumasú agus a éascú.	- Fís spreagthach foilsithe do chontae atá inrochtana agus tréscailteach go sóisialta. - Foilsíodh pleananna uaillmhianacha taistil níos cliste ina bhfuil dearadh ardchaighdeán tírdhreacha, atá oiriúnach do thírdhreacha uirbeacha, bruachbhailteacha, tuaithe agus fiáine Mhaigh Eo.
Breithniú a dhéanamh ar réitigh dhúlrahunaithe agus ar bhearta inbhuanaithe dearaidh uirbigh i ngach tionscadal	<ul style="list-style-type: none"> <li>• Glacadh le cairt chun áiteanna tréscailteacha a thacaíonn le daoine agus leis an dúlra a thógáil go réidh. <ul style="list-style-type: none"> <li>• Bearta maidir le tógáil réidh curtha san áireamh mar shaothair ealaíne ag comhéadain mhodha iompair, e.g. ballaí cloiche a thógáil ina bhfoirm thraidisiúnta. Rinneadh ábhair áitiúla a uaschúrsáil le háiteanna tréscailteacha a chruthú, e.g., seanbhballaí cloiche a athúsáid le míocraeráid scátha a chruthú sa samhradh agus radaíocht teasa sa gheimhreadh.</li> </ul> </li> <li>○ Beartaí le himirce fiadhúlra a chuimsiú iontu, e.g., íosbhealaí agus uasbhealaí.</li> <li>○ Struchtúir thraidisiúnta a chothabháil trí chaomhnú oilte.</li> <li>• Athmhachnamh a dhéanamh ar an dearadh a dhéantar ar an greatlach uirbeach, e.g., Mearbhoscaí agus Spéartha Dorcha.</li> </ul>
Plean bainistíochta crann a ullmhú	<ul style="list-style-type: none"> <li>• Méadú ar an mbrat foriomlán crann bunaithe ar an bprionsabal 'an crann ceart san áit cheart'.</li> <li>• A chinntiú go gcaomhnaítear an stoc crann áitiúil dúchasach agus go ndéantar é a iomadú le hoidhreacht chrann an chontae a chaomhnú.</li> <li>• Tionscnamh 'ARK of Provence' a thabhairt chun cinn chun crainn a fhás laistigh de 10 gclimeádar óna máthairchrainn. Marthanóirí Crionadh Siar Fuinseoige sa chontae a lorg.</li> </ul>

# HLG 2

Tá ár bpobail i Maigh Eo cumasaithe, sláintiúil agus fáilteach agus iad ag oibriú go comhoibritheach le hathléimneacht a chur chun cinn.



- ✓ 3 - Sláinte agus Folláine Mhaith
- ✓ 10 - Neamhionannas Laghdaithe
- ✓ 11 - Cathracha agus Pobail Inbhuanaithe
- ✓ 16 - Institiúidí Láidre Síochána agus Ceartais



- ✓ - Daoine agus Áiteanna
- ✓ - Uaillmhian Bheoga
- ✓ - Uaillmhian Cheangailte
- ✓ - Uaillmhian Ionchuimsitheach

Cuspóirí Beartaithe	Príomhthoradh Inmhianaithe
Maigh Eo a chur chun cinn mar chontae ionchuimsitheach.	Láidreacht aontaithe de chuid Chontae Mhaigh Eo a aithnítear agus a cheiliúrtar í an éagsúlacht.
An daonra inár bpobail a chothú agus a mhéadú trí fheabhsúcháin/mhealladh chun fanacht a sholáthar.	Tá daonra éagsúil agus athghiniúna ag Maigh Eo ag a bhfuil folláine atá ag dul i méid agus tionchar laghdaithe ar an domhan.
Pobail shláintiúla agus ghníomhacha a chur chun cinn i Maigh Eo.	Tá teacht ag pobail i Maigh Eo ar ghréasán bealaí siúil agus glasbhealaí sábháilte a cheanglaíonn sráidbhailte agus bailte ar fud Mhaigh Eo.
Éagsúlacht agus ionchuimsiú a cheiliúradh sa ghníomhaíocht phobail uile.	Tacaíonn Pleananna an Phobail le bearta éagsúlachta agus uileghabhálachta sóisialta.
	Imeacht ceiliúrtha don ionchuimsiú sóisialta i Maigh Eo, e.g., Gradam an Chathaoirligh nó a mhacasamhail.
Pobail a chumasú agus tacú leo braistint chomhroinnte úinéireachta agus freagrachta a léiriú.	Na huirlisí agus na bealaí digiteacha a thabhairt do phobail le huailmhianta a bhaint amach.
Athléimneacht a fhorbairt laistigh de phobail.	Baineann grúpaí pobail beocht agus athnuachan eagraíochta amach.
An méid a fhoghlaimítear a cheiliúradh agus a roinnt.	Aithníonn pobail éachtaí agus samplaí dea-chleachtais a úsáidtear le soláthar tionscadal a chur chun cinn agus tacú leis.
Rannpháirtíocht ghníomhach i measc bhaill uile an phobail a spreagadh i bpróisis chinnteoireachta.	



## HLG 3

Tá teacht ag pobail Chontae Mhaigh Eo ar bhonneagar agus ar sheirbhísí bunriachtanacha atá bunaithe go háitiúil.



- ✓ 3 - Sláinte agus Folláine Mhaith
- ✓ 10 - Neamhionannas Laghdaithe
- ✓ 13 - An Bheatha faoin Uisce
- ✓ 14 - An Bheatha ar Talamh



- ✓ - Daoine agus Áiteanna
- ✓ - Uaillmhian Bheoga
- ✓ - Uaillmhian Nádúrtha
- ✓ - Uaillmhian Cheangailte

Cuspóirí Beartaithe	Príomhthoradh Inmhianaithe
Tacú le pobail innharthana agus bheoga chun láir bhailte agus shráidbhailte a chur san áireamh.	Físeanna spreagthacha a fhorbairt do chontae atá inrochtana agus tréscailteach go sóisialta. Comhtháthú an daonlathais rannpháirtíoch a thabhairt chun cinn, e.g. an Pobal Feasta le daonlathas ionadaíoch, i.e. Comhairleoirí agus foireann na Comhairle. Dul chun cinn á dhéanamh ag físeanna d'ionaid phobail trí dhearadh agus cur i bhfeidhm. Creat dea-chleachtais forbartha.
Nascacht phobail agus an fháil atá ar chóras iompair phoiblí a neartú.	Contae trína ngabhann bealaí taistil inathraithe a ghníomhaíonn mar bhealaí chomh fada le hathghiniúint gheilleagrach, shóisialta agus nádúrtha.
Tacú le bonneagar agus seirbhísí áitiúla agus pobail a sholáthar.	Dearadh ardchaighdeán tógtha agus tírdhreacha a thabhairt chun cinn mar chumasóir áiteanna athghiniúnacha tréscailteacha do dhaoine agus don dúlra.

## HLG 4

Tá oideachas agus foghlaim ar feadh an tsaoil agus forbairt nuálach, cruthaitheach agus inrochtana do gach duine i gContae Mhaigh Eo.



- ✓ 4 - Oideachas Ardchaighdeán
- ✓ 12 - Ídiú agus Táirgeadh Freagrach
- ✓ 16 - Institiúidí Láidre Síochána agus Ceartais
- ✓ 10 - Neamhionannas Laghdaithe



- ✓ - Daoine agus Áiteanna
- ✓ - Uaillmhian Bhonneagair
- ✓ - Uaillmhian Ionchuismitheach



Cuspóirí Beartaithe	Príomhthoradh Inmhianaithe
Tá an chruthaitheacht cumasaithe i ngach pobal.	Contae é Maigh Eo ina bhfuil glórtha, teanga, traidisiúin agus iarrachtaí cruthaitheacha éagsúla.
Teacht ar oideachas do chách a spreagadh agus tacú leis.	Spreagtar, cumasaítear agus tacaítear le muintir Mhaigh Eo "a lánchumas a bhaint amach" (include Maslow's hierarchy sketch).
Cláir phrintiseachta a chur chun cinn.	Mar an gcéanna leis an méid thuas
Na tairbhí socheanamaíochta a chruthaíonn teicneolaíochtaí atá ag teacht chun cinn a ghíaráil.	Cruthaíonn aistear leanúnach an chumasaithe dhigitigh an dul chun cinn teicneolaíochta tairbhí maidir le caighdeán na beatha do gach duine i gContae Mhaigh Eo.
An méid céanna deiseanna fostaíochta a bheith ann do na roghanna oideachais a sholáthraítear.	Cuirtear bealaí saincheaptha solúbtha oiliúna ar fáil i Maigh Eo mar chontae d'fhéinforbairt agus do dhul chun cinn gairm bheatha.
Foghlaim ar feadh an tsoil a chur chun cinn.	Déantar deiseanna foghlama a fhorbairt agus a chur chun cinn do gach aois agus grúpa.

## HLG 5

Cuirtear tabhairt isteach sraith chomhtháite tionscnaimh um chur chun cinn, inbhuanaitheachta, dhigitithe, nuálaíochta agus forbartha margaidh chun cinn i gContae Mhaigh Eo.



- 4 - Oideachas Ardchaighdeán
  - 8 - Obair agus Borradh Geilleagrach Fóna
  - 9 - Tionscal, Nuálaíocht agus Bonneagar
  - 10 - Neamhionannas Laghdaithe
  - 11 - Cathracha agus Pobail Inbhuanaithe
- Tionól Réigiúnach An Tuaiscirt & An Iarthair
- Daoine agus Áiteanna
  - Uaillmhian Bheoga
  - Uaillmhian Bhonneagair
  - Uaillmhian Cheangailte
  - Uaillmhian Ionchuimsitheach

Cuspóirí Beartaithe	Príomhthoradh Inmhianaithe
Beidh inneall geilleagrach Mhaigh Eo in-athnuaite agus athghiniúnach	Fásfar poist ghlasa i ngeilleagar Mhaigh Eo agus cuirfear an t-aistriú go neodracht ó thaobh carbóin de chun cinn
Forbairt fiontraíochta agus deiseanna fostaíochta a chur chun cinn	Déanfar cainéal den chontae chun dea-chleachtas domhanda a bhaint amach i bhfiontraíocht, sármhaitheas, nuálaíocht, agus cruthaitheacht i dtaobh fiontraíocht phríobháideach agus shóisialta araon
Tiocfaidh fiontair shóisialta dhúchasacha Mhaigh Eo chun cinn go hiomlánaíoch, laistigh de shamhail gheilleagrach córas athghiniúnach atá bunaithe ar an smaointeoireacht	Déanfar cur chuige forbartha saibhris pobail agus comhoibritheach i leith fiontraíochta a thabhairt chun cinn bunaithe ar "an cur chuige cumais" i leith na n-éigeandálaí aeráide agus bithéagsúlachta a fógraíodh

# HLG 6

Contae é Maigh Eo ina spreagtar, ina gcumasáítear agus ina dtacaítear go réamhghníomhach leis an ngeilleagar sóisialta, gnólachtaí pobail agus an geilleagar ciorclach agus an bithgeilleagar.



✓ 8 - Obair agus Borradh Geilleagrach Fóna

✓ 9 - Tionscal, Nuálaíocht agus Bonneagar

✓ 12 - Ídiú agus Táirgeadh Freagrach



✓ - Daoine agus Áiteanna

✓ - Uaimhian Bheoga

✓ - Uaimhian Cheangailte

✓ - Uaimhian Bhonneagair

Cuspóirí Beartaithe	Príomhthoradh Inmhianaithe
Postaíocht a mhéadú	Roghanna éagsúla forbartha gairm bheatha agus pearsanta ar fáil sa chontae
Borradh an bhoinn Fiontraíochta Sóisialta ar fud Mhaigh Eo a luathú	Braisle fiontar sóisialta i réimsí na habhcóideachta, sóisialta, geilleagracha agus comhshaoil, le comhoibriú agus comhar seasmhach trasdisciplíneach
Timpeallacht a sholáthar chun fiontair inbhuanaithe a sholáthar agus a chothabháil i bpobail Mhaigh Eo.	Tá na huirlisí/scileanna ag fiontair le hinbhuanaitheacht fhadtéarmach a chur chun cinn. Tá geilleagar athghiniúnach á mbaint amach ag an ngeilleagar glas i Maigh Eo agus tá tionchair ar an domhain á laghdú aige
Mealltacht an chontae mar áit le gnólacht a fhás ann a fheabhsú	Bonneagar agus saoráidí feabhsaithe iompair, fuinnimh agus bonneagair faisnéise, ag a bhfuil timpeallacht nádúrtha agus thógtha ar a bhfuil ardluach taitneamhachta chun tacú le fiontraíocht
An bonneagar riachtanach a sholáthar le hinfheistíocht gheilleagrach a mhealladh	Fáil ar spás fiontraíochta, ar leathanbhanda agus ar theicneolaíochtaí nua  Bonneagar fuinnimh in-athnuaite atá tógtha ar shamhlacha atá athghiniúnach i dtaobh cúrsaí sóisialta agus comhshaoil ag a bhfuil béim ar leith ar cheantar agus ar chomhar
Cur in aghaidh mheath an gheilleagair príomhshráide	Tá punann éagsúil saoráidí i láir bhailte agus shráidbhailte chun tacú le fiontraíocht laistigh de phobail, a thugann gnéithe sóisialta agus geilleagracha le chéile.  An beartas Tús Áite do Láir Bhailte a chur i bhfeidhm i mbailte ainmnithe (2023 - Cill Ala) a bhfuil de chuspóir aige láir bhailte a chruthú a fheidhmíonn mar láithreacha inmharthana, beoga agus mealltacha do dhaoine le maireachtáil agus le hobair iontu agus le cuairt a thabhairt orthu, agus a fheidhmíonn freisin mar an mol seirbhíse, sóisialta, cultúrtha agus áineasa don phobal áitiúil.

# Próifíl ullmhaithe ag:

## People & Place Limited

Cinnteoireacht chomhoibritheach agus bunaithe ar fhianaise d'fhorbairt shóisialta,  
gheilleagrach agus pobail.  
Soláthraímid anailís, monatóireacht agus eolas.

Gréasán: <https://peopleandplace.ie>  
R-phost: [info@peopleandplace.ie](mailto:info@peopleandplace.ie)

I-HUB Chomhlachas Tráchtála na hInse,  
54 Sráid Uí Chonail,  
Inis,  
Co. An Clár



Comhairle Contae Mhaigh Eo  
Mayo County Council



<https://peopleandplace.ie/>  
A Maynooth University Spin-Out Company

